Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

C 257

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

21 Iúil 2023

Clár

I *Rúin, moltaí agus tuairimí*

TUAIRIMÍ

Coiste na Réigiún

An 155ú seisiún iomlánach de CnaR, 24.5.2023-25.5.2023

2023/C 257/01 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — 'Prionsabal na neamhdhíobhála don chomhtháthú: prionsabal trasearnálach lena gcuirtear leis an gcomhtháthú mar chuspóir foriomlán agus mar luach foriomlán de chuid an Aontais' 1

2023/C 257/02 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus bainistiú géarchéimeanna: cur le hathléimneacht an Aontais, a réigiún agus a chathracha 6

2023/C 257/03 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil: an dearcadh áitiúil agus réigiúnach 12

2023/C 257/04 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Deireadh a chur leis an dífhostaíocht fhadtéarmach: an dearcadh áitiúil agus réigiúnach 18

2023/C 257/05 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Creat reachtach maidir le córais bhia inbhuanaithe 23

III *Gníomhartha ullmhúcháin*

Coiste na Réigiún

An 155ú seisiún iomlánach de CnaR, 24.5.2023-25.5.2023

2023/C 257/06 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — An Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach 28

GA

I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

TUAIRIMÍ

COISTE NA RÉIGIÚN

AN 155Ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CNAR, 24.5.2023-25.5.2023

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — 'Prionsabal na neamhdhíobhála don chomhtháthú: prionsabal trasearnálach lena gcuirtear leis an gcomhtháthú mar chuspóir foriomlán agus mar luach foriomlán de chuid an Aontais'

(2023/C 257/01)

Rapóirtéir:	Michiel RIJSBERMAN (NL/Renew Europe) Aire Réigiúnach Chúige Flevoland
Doiciméid tagartha:	Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, chuig Coiste na Réigiún maidir leis an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú: Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050 COM(2022) 34 final Commission Staff Working Document Cohesion in Europe towards 2050 accompanying the document Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the 8th Cohesion Report: Cohesion in Europe towards 2050 (Níl leagan Gaeilge ann) SWD(2022) 24 final

MOLTAÍ BEARTAIS

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

1. á chur in iúl gur díol sásaimh dó gur tugadh isteach prionsabal na 'neamhdhíobhála don chomhtháthú' (dá ngairtear 'an prionsabal' anseo feasta) san 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú, mar a sainmhínítear é mar phrionsabal 'a chiallaíonn nár cheart d'aon ghníomh cur isteach ar an bpróiseas cóineasaithe nó cur le héagothromaíochtaí réigiúnacha' ([1]). Tá sé á chur in iúl ag CnaR freisin, áfach, gur oth leis nach dtugtar léargas domhain ná soiléir sa tuarascáil ar na fadhbanna (díobháil don chomhtháthú) ná ar na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann.

2. Tá sé á chur i dtreis ag CnaR a thábhachtaí atá an comhtháthú mar bhunluach de chuid an Aontais Eorpaigh agus mar chuspóir trasearnálach a dtacaíonn Coiste Eorpach na Réigiún go hiomlán leis. Tá sé á chur i bhfios aige nach bhfuil aon dul chun cinn déanta ar an gcóineasú de dheasca na ngéarchéimeanna a bhí ann le déanaí agus go raibh tionchar mór acusan ar na saoránaigh is leochailí. Áitíonn CnaR gur cheart féachaint chuige nach gcruthófaí timpeallacht a bheadh fabhrach don phobalachas agus don antoisceachas i gcomhthéacs na dtoghchán Eorpach atá ar na bacáin.

([1]) Féach: leathanach 30 den Chomhtháthú san Eoraip faoi 2050, An t-ochtú tuarascáil faoin gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach (http://ec.europa.eu/regional_policy/en/information/cohesion-report/).

3. Gabhann CnaR buíochas le Parlaimint na hEorpa ([2]) as a iarraidh air a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme agus i ndearadh an phrionsabail agus iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach na tograí ón tuairim seo a chur san áireamh agus an prionsabal á fhorbairt tuilleadh.

4. Tá sé á chur chun suntais ag CnaR go n-iarrtar sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú go mbeadh feasacht ghinearálta maidir leis an bprionsabal i mbeartais agus tionscnaimh uile an Aontais, agus i gcur chun feidhme an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear sna rialacha maidir leis an státchabhair.

5. Meabhraíonn CnaR gur cheart, de réir Airteagal 175 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CFAE), beartais agus gníomhaíochtaí Eorpacha chomh maith le beartais eacnamaíocha na mBallstát rannchuidiú le forbairt chomhchuí fhoriomlán an Aontais agus le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach an Aontais. Cé go bhfuil ról lárnach ag beartas comhtháthaithe an Aontais maidir leis an gcomhtháthú a chur chun cinn, áitíonn CnaR go bhfuil beartais eile de chuid an Aontais faoi cheangal ag an gcuspóir sin freisin. Tá sé á thabhairt dá aire ag CnaR nach bhfuil sásra ar bith i bhfeidhm faoi láthair chun é sin a áirithiú.

6. Tá CnaR á éileamh ar an gCoimisiún Eorpach, ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle agus ar na Ballstáit an prionsabal, nach bhfuil ach ina choincheap go fóill, a fhíorú.

7. Tá rabhadh á thabhairt ag CnaR don Choimisiún nach bhfuil an prionsabal réidh in aon chor go fóill le húsáid mar uirlis chun comhtháthú a bhaint amach, agus go bhfuil an baol ann go gcuirfeadh sé cuspóir an bheartais chomhtháthaithe féin i mbaol. Is é an beartas comhtháthaithe an phríomhuirlis chun an tAontas a fhorbairt go comhchuí do gach réigiún, agus ba cheart é sin a choinneáil mar atá.

8. Molann CnaR léirmhíniú leathan a dhéanamh ar an bprionsabal, léirmhíniú lena gcumhdaítear na beartais Eorpacha uile a bhfuil tionchar críochach acu chomh maith le beartais náisiúnta ábhartha, agus lena gcuimsítear ceanglas maidir le prionsabail chomhtháthaithe na comhpháirtíochta agus an rialachais il-leibhéil a urramú.

9. Molann sé freisin go gcuirfidh an Coimisiún riail éigeantach **'géill nó mínigh' atá nasctha le prionsabal na neamhdhíobhála don chomhtháthú i bhfeidhm i meabhrán míniúcháin aon tionscnaimh atá beartaithe**.

10. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún anailís ar ghnéithe an comhtháthaithe a fhorbairt mar chuid den **Seimeastar Eorpach**, go háirithe san iarscríbhinn i dtuarascálacha tíre maidir leis an bhfeidhmíocht eacnamaíoch agus shóisialta ar an leibhéal réigiúnach. B'úsáidí fós dá dtabharfaí léargas san iarscríbhinn sin ar staid na himeartha ó thaobh an chomhtháthaithe de ar leibhéal NUTS 2 sna Ballstáit agus dá ndéanfaí anailís ar na beartais atá ann cheana a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an staid mar atá, agus, chomh maith leis sin, dá dtabharfaí isteach bearta a d'fhéadfadh éagothromaíochtaí réigiúnacha a réiteach.

An chaoi a ndéantar neamhdhíobháil don chomhtháthú

11. Aithníonn CnaR go bhfuil sé dúshlánach léargas níos doimhne a fháil ar an díobháil atá á déanamh don chomhtháthú agus réitigh inláimhsithe a mholadh mar thoradh ar an iomaí cineál éagothromaíochtaí atá ann mar aon leis an easpa sonraí maidir le héifeachtaí beartas inár réigiúin agus inár gcathracha, bídís dearfach nó diúltach.

12. Tá sé á chur i bhfios ag CnaR, chomh maith leis an mbeartas comhtháthaithe, go gcuireann ceapadh agus cur chun feidhme **roinnt beartas de chuid an Aontais leis an bpróiseas cóineasaithe agus go bhféadfadh roinnt eile acu dul ina choinne**. Tá sé á chur in iúl aige go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag **tionscnaimh rialála** nó comhaontuithe trádála chomh maith le beartais mhaoiniúcháin ar fhorbairt na réigiún beagfhorbartha agus go bhféadfaí bacainní a chruthú leo, fiú má bhíonn an chuma orthu go bhfuil siad 'neodrach ó thaobh na réigiún de'.

13. Tá CnaR á thabhairt dá aire, cuir i gcás, gur mó tairbhe a bhaineann na Ballstáit is forbartha as aon mhaolú ar na **rialacha maidir leis an státchabhair**.

14. Tá CnaR den tuairim go bhféadfaí leas níos fearr a bhaint as na **sineirgí féideartha idir cistí AE** a mbaineann gné chríochach leo.

15. Cé gur shimpligh an Coimisiún an scéal mórán, tá sé á chur i bhfios go láidir ag CnaR go bhfuil sé deacair do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha fós tairbhe a bhaint as cláir AE i bhfianaise a **chasta atá cistí an Aontais** agus na rialacha maidir lena n-úsáid.

16. Tá sé á chur i bhfios ag CnaR go bhfuil **acmhainneacht theoranta ag gníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha chun rochtain a fháil ar dheiseanna cistiúcháin** agus chun tionscadail a reáchtáil mar gheall ar an easpa scileanna teicniúla atá acu nó toisc nach bhfuil sé ar a gcumas an cómhaoiniú a bhfuiltear ag súil leis a chur ar fáil. Iarrann sé, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún Eorpach tacú go háirithe leis na Ballstáit a bhfuil rátaí ísle ionsúcháin acu trí bhearta fothaithe acmhainneachta.

([2]) *Tuarascáil A9-0210/2022 maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach san Aontas Eorpach: an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú (2022/2032(INI)).*

17. Tagann CnaR leis an tuairim atá sa rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú go bhfuil imscaradh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta thar a bheith láraithe ar leibhéal na mBallstát agus nach ndeachthas i gcomhairle go leordhóthanach leis na réigiúin agus na bardais ([3]).

18. Is oth le CnaR nach bhfuil aon oibleagáid ar na Ballstáit, faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tuairisciú a dhéanamh ar dháileadh na gcistí sna réigiúin éagsúla. Tá sé den tuairim gur cheart tuilleadh faisnéise agus trédhearcachta a bheith ann maidir leis na réimsí a gcaithfear an t-airgead orthu, agus iarrann sé go ndéanfar cláir infheistíochta amach anseo a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach.

19. Tá sé á chur i bhfios go láidir ag CnaR, mar gheall ar chláir agus cistí éagsúla AE arna reáchtáil go comhuaineach, amhail an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, REACT-EU, CUAC (an Ciste um Aistriú Cóir), CFRE (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa) agus CSE+ (Ciste Sóisialta na hEorpa Plus), go mbíonn ar na húdaráis bhainistíochta oibriú le rialacha éagsúla agus dualgais cur chun feidhme éagsúla, rud a chruthaíonn éiginnteachtaí agus a fhágann go dtosaítear go mall ar chuid de na cláir.

20. Is oth le CnaR nach bhfuil aon fhorléargas soiléir ann maidir leis an éifeacht chomhcheangailte atá ag líon mór rialachán de chuid an Aontais ar an iomlán agus ar a chéile chomh maith. Tá sé á chur i bhfios go láidir aige go gcuireann sé sin teorainn leis an bhféidearthacht atá ann roghanna lárnacha a dhéanamh ó thaobh na gcríoch de agus go bhfuil sé deacair, mar sin, rialacháin aonair a chur chun feidhme. Tá sé á chur i bhfáth aige, freisin, gur gá roghanna a dhéanamh agus an t-aistriú fuinnimh á éascú (trí infheistíochtaí i líonraí téimh/painéil ghréine mar shampla), spásanna glasa á gcruthú sa timpeallacht (e.g. le crainn), agus soghluaisteacht inbhuanaithe á cur ar fáil agus tithíocht leordhóthanach agus inbhuanaithe á tógáil.

21. Tá sé á chur in iúl ag CnaR go bhféadfaí díobháil neamhbheartaithe a dhéanamh, **fiú faoin mbeartas comhtháthaithe**, rud a laghdódh a thionchar. D'fhéadfadh sé nach ndéanfadh na húdaráis náisiúnta cistí uasleibhéil a leithdháileadh ar réigiúin bheagfhorbartha agus ar réigiúin trasdula, rud a chuirfeadh bac ar an bpróiseas cóineasaithe. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún agus na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as cistiú an bheartais chomhtháthaithe i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula, lena n-áirítear mar chuid den athbhreithniú meántéarma atá ar na bacáin ar chláir 2021-2027.

22. Tá sé á thabhairt dá aire ag CnaR go bhféadfadh an comhtháthú a bheith i mbaol freisin toisc gur **úsáideadh cistiú an bheartais chomhtháthaithe chun freagairt go córasach do ghéarchéimeanna a bhí ann le déanaí**. Cé go bhféadfadh sé gur rannchuidigh an méid sin le cosc a chur ar **leathnú na n-éagothromaíochtaí tuilleadh**, tá sé á thabhairt chun suntais aige gur cheart prionsabail an chomhtháthaithe, is iad sin clársceidealú straitéiseach, fianaise-bhunaithe, an chomhpháirtíocht agus an rialachas il-leibhéil, a urramú i gcónaí in aon ionstraim freagartha ar ghéarchéimeanna.

23. Tá sé á chur i bhfios go láidir ag CnaR go ndiúltaíonn sé d'iarracht ar bith ar chláir an Aontais a lárú agus nach nglacfaidh sé a thuilleadh leis an leibhéal áitiúil agus réigiúnach a bheith fágtha ar lár i gcláir an Aontais amach anseo. Tá sé á chur i bhfáth aige gur éirigh go maith leis an mbainistíocht chomhroinnte agus nár cheart an bonn a bhaint di i ngeall ar chláir atá á mbainistiú go lárnach.

An prionsabal a chur chun feidhme trí mheasúnú treisithe *ex ante*, trí mheastóireacht mheántéarma, leanúnach agus *ex post* ar thionchair chríochacha bheartais ábhartha uile an Aontais

24. Tá sé á chur chun suntais ag CnaR go n-iarrtar san 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú go neartófaí measúnuithe tionchair chríochaigh agus promhadh leas na tuaithe 'ionas go gcuirfear san áireamh ar bhealach níos fearr riachtanais agus sainiúlachtaí chríocha éagsúla an Aontais'. Is díol sásaimh do CnaR gur mhol an Chomhairle, sna conclúidí uaithi maidir leis an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú, don Choimisiún Eorpach breithniú a dhéanamh ar mheasúnuithe tionchair chríochaigh (promhadh leas na réigiún) a chur san áireamh i mbeartais ábhartha de chuid an Aontais ag céimeanna a mbunaithe agus a meastóireachta araon.

25. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR gur gá **measúnú córasach *ex ante* a dhéanamh ar thionchair chríochacha éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann** ar gach cineál réigiún i mbeartais nua uile an Aontais a bhfuil gné chríochach ag baint leo ag céim a ndeartha. Bheadh sé sin ar an uirlis is éifeachtaí chun prionsabal na neamhdhíobhála don chomhtháthú a chur i bhfeidhm.

26. Tá sé á chur i bhfios ag CnaR, a bhuí le Comhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, go gcuirtear de cheangal ar an gCoimisiún Eorpach, ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle measúnuithe tionchair a dhéanamh, nuair is féidir, agus aird ar leith á tabhairt ar thionchair chríochacha. Measann CnaR go gcuirtear creat ar fáil le pacáiste 2021 CE maidir le Rialáil Níos Fearr ([4]) chun measúnú a dhéanamh ar thionchair chríochacha. Mar sin féin, is oth leis an choinníoll gur gá measúnuithe tionchair a bheith comhréireach maidir lena raon feidhme agus lena bhfócas, toisc gur minic a bhíonn an measúnú thar a bheith teoranta nó go ndéantar tearcmheastachán ar thionchair chríochacha mar thoradh air sin. Meabhraíonn CnaR na gealltanais a thug an Coimisiún Eorpach arís agus arís eile le blianta beaga anuas ([5]) chun measúnuithe tionchair chríochaigh a neartú.

([3]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (IO C 157, 3.5.2023, lch. 12).

([4]) Rialáil níos fearr: treoirlínte agus bosca uirlisí .

([5]) Féach na teachtaireachtaí ón gCoimisiún dar teideal *A Long-term Vision for the EU's Rural Areas* (2021) [Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais] agus *Tús áite a thabhairt do dhaoine, fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú, leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí san Aontas* (2022).

27. Dá bhrí sin, molann CnaR go dtreiseofaí an measúnú ar thionchair chríochacha éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar éifeachtaí diúltacha ar an gcomhtháthú **i mbosca uirlisí an Choimisiúin Eorpaigh um rialáil níos fearr** ar roinnt bealaí:

— trí cheist den chineál seo a leanas a chur le liosta na gceisteanna in Uirlis #18 um Rialáil Níos Fearr: 'An gcuireann an tionscnamh bac ar phróiseas an chóineasaithe, nó an gcuireann sé le héagothromaíochtaí réigiúnacha?';

— in Uirlis # 34 um Rialáil Níos Fearr: **ceanglas a dhéanamh gur gá an tSeiceáil Riachtanas um Measúnú Tionchair Chríochaigh (*TIA Necessity Check*) a úsáid** chun an gá atá le Measúnú Tionchair Chríochaigh a chinneadh, agus trí thosaíocht láidir a thabhairt d'úsáid uirlis de chuid ESPON (An Gréasán Faire Eorpach um Fhorbairt Chríochach agus um Chomhtháthú Críochach), i.e. Mearmheasúnú Tionchair Chríochaigh (*TIA quick check*), i gcomhairliúcháin phoiblí chun tionchair chríochacha a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas, ós rud é go bhfuil sé bunaithe ar mheascán breithiúnas saineolaithe agus sonraí críochacha cainníochtúla atá ar fáil do réigiúin uile an Aontais;

— trí mholadh a thabhairt isteach gur cheart gnéithe comhtháthaithe chríochaigh a chumhdach go sainráite sna comhairliúcháin le geallsealbhóirí. Ba cheart sin a dhéanamh le tagairt sa 'glao ar fhianaise' agus/nó trí shraith ceisteanna sa chomhairliúchán poiblí nó le comhairliúcháin spriocdhírithe lena n-áirítear na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla. Ar an gcaoi sin, mheabhrófaí go bhféadfadh sé gur ghá aghaidh a thabhairt ar spriocghrúpaí i gceantair iargúlta agus thuaithe trí bhealaí sonracha toisc é a bheith dúshlánach rochtain a fháil ar an idirlíon sna háiteanna sin;

— trí **oibleagáid a thabhairt isteach tuairisc a thabhairt sa mheasúnú tionchair ar na tionchair chríochacha éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar an díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann don chomhtháthú**, ar bhealach atá cosúil leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' maidir le tionchair chomhshaoil; ba cheart a shoiléiriú sa mheasúnú tionchair más dócha go mbeidh tionchair ar chomhtháthú an Aontais, agus céard iad na comhréitigh a d'fhéadfadh a bheith ann;

— trí roinn éigeantach ar leith a áireamh sa mheabhrán míniúcháin ina mínítear conas a sheasann an tionscnamh le prionsabal na neamhdhíobhála don chomhtháthú bunaithe **ar an bprionsabal 'géill nó mínigh'**: ba cheart don Choimisiún a léiriú nach gcuireann cur chun feidhme an tionscnaimh bac ar chomhtháthú an Aontais (i.e. go gcomhlíonann sé prionsabal na neamhdhíobhála don chomhtháthú), nó ba cheart dó a mhíniú cén fáth a bhfuil bonn cirt leis an díobháil fhéideartha (a bheidh ann go fóill i ndiaidh bearta maolaitheacha), a mhéid a bhaineann le cuspóirí eile.

28. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún samhlacha agus modhanna i dtaca le measúnú tionchair chríochaigh a fhorbairt tuilleadh, le tacaíocht ón JRC (Airmheán Comhpháirteach Taighde agus ó ESPON).

29. Iarrann sé ar an gCoimisiún seirbhís thiomnaithe a cheapadh chun tacú le hardstiúrthóireachtaí i bpróiseas an mheasúnaithe tionchair chríochaigh agus oiliúint éigeantach maidir le measúnú tionchair chríochaigh a chur ar fáil d'oifigigh uile an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le measúnuithe tionchair.

30. Tá CnaR á iarraidh an athuair go mbeidh comhalta buan arna ainmniú ag CnaR ar an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála chun a áirithiú go mbeidh beartais an Aontais neodrach ó thaobh na réigiún de.

31. Tá fonn ar CnaR cuidiú leis an gCoimisiún a mheasúnuithe tionchair chríochaigh a dhéanamh. Tá fonn air go háirithe cuidiú le ceisteanna a shainaithint atá ábhartha do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcomhairliúcháin an Choimisiúin agus cuidiú le saineolaithe a shainaithint ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach chun páirt a ghlacadh i gceardlanna de chuid an Choimisiúin maidir le measúnuithe tionchair chríochaigh.

32. Tá sé á chur i bhfios ag CnaR gur féidir leis ról níos láidre a bheith aige i gclár oibre an Aontais maidir le Rialáil Níos Fearr e.g. trí mheasúnú tionchair chríochaigh a dhéanamh é féin maidir le beartais an Aontais a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh don chomhtháthú, má dheonaítear acmhainní breise dó.

33. Áitíonn CnaR gur gá an prionsabal a chur chun feidhme **ag céim na measúireachta freisin** (*ex post*, meántéarma agus leanúnach) chun nach cleachtas aonuaire a bheadh ann a dhéantar de ghrá a dhéanta i rith an mheasúnaithe *ex ante*. Féadfar sin a dhéanamh trí fhaireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar bheartais earnála an Aontais ar an gcomhtháthú.

34. Molann CnaR, i ndáil leis sin, moladh a thabhairt isteach i bpacáiste an Choimisiúin um Rialáil Níos Fearr gur cheart breathnú, trí bhíthin reachtaíocht nó cláir ar a ndearnadh meastóireacht, ar na tionchair dhíreacha a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhtháthú nó ar chomhréireachtaí/neamhréireachtaí leis an mbeartas comhtháthaithe. Ba cheart cuid maidir leis na héifeachtaí ar chomhtháthú a áireamh i dtuarascálacha (atá coibhéiseach leis an Tuarascáil faoin gComhtháthú) a chuirtear ar fáil i gcomhthéacs beartais earnála.

35. Meabhraíonn CnaR an luach breise a bhaineann le RegHub, a bhuí leis na comhairliúcháin a dhéanann sé leis na geallsealbhóirí, le haghaidh na meastóireachta ar reachtaíocht an Aontais atá curtha i bhfeidhm. Iarrann sé an athuair go mbainfí lánúsáid as an Ardán 'Réidh don Todhchaí', RegHub agus CnaR é féin d'fhonn a áirithiú go mbeidh fianaise mhionsonraithe ag an gCoimisiún maidir leis an tionchar atá aige ar an láthair.

36. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR go bhfuil **gá ginearálta le sonraí agus uirlisí staidrimh** ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach chun tacú leis an measúnú *ex ante* agus leis an meastóireacht *ex post* ar thionchar bheartais/ionstraimí an Aontais ar an gcomhtháthú. Tá sé á chur i bhfios go láidir aige go bhfuil táscairí agus innéacsanna cuimsitheacha (seachas OTI *per capita*) de dhíth, amhail Innéacs an Aontais Eorpaigh um Dhul Chun Cinn Sóisialta nó an tInnéacs um Iomaíochas Réigiúnach chun gach gné den fhorbairt chomhchuí a léiriú de réir mar a thiocfaidh foinsí nua éagothromaíochtaí chun cinn, i gcás ina dtagann siad chun cinn. Iarrann sé go ndéanfaí tuilleadh acmhainní a thiomnú do Eurostat agus do JRC chun faireachlanna uirbeacha agus tuaithe a fhorbairt. Iarrann sé ar na Ballstáit córais a chur chun feidhme chun sonraí agus faisnéis a bhailiú ar an leibhéal áitiúil chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na reachtaíochta agus na mbeartas.

An prionsabal a chur chun feidhme trí bheartais/cistí an Aontais a chomhordú ar bhealach níos fearr agus trína gcur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta

37. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach beartais agus cistí infheistíochta a chuíchóiriú chun **sineirgí agus comhlántachtaí a áirithiú** d'fhonn cuspóirí roghnaithe a bhaint amach. Tá sé á iarraidh aige go ndéanfaí CUAC chomh maith leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a rialú le cistí eile faoi Rialachán céanna na bhForálacha Coiteanna.

38. Tá sé á chur chun suntais ag CnaR gur gá **na sineirgí idir an beartas comhtháthaithe agus Fís Eorpach** a mhéadú d'fhonn acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta a neartú i réigiúin uile an Aontais, rud a chuirfeadh ar chumas an Aontais a bheith iomaíoch ar scála domhanda trí infheistíocht a dhéanamh i mbarr feabhais na réigiún. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina réiteach freisin ar sháinn forbraíochta na réigiún meánioncaim ó thaobh forbartha de.

39. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach, agus cistiú ón Aontas á bhainistiú aige, go gcuirfidh sé san áireamh ní hamháin an olltáirgeacht intíre ach leibhéal forbartha na réigiún agus an acmhainneacht chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú freisin.

40. Molann CnaR do na **rialtais náisiúnta measúnuithe tionchair chríochaigh *ex ante* a dhéanamh go córasach** ionas go mbeidh na beartais náisiúnta uile 'neodrach ó thaobh na réigiún de', agus leas á bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ó Ghníomhaíocht Phíolótach Chlár Oibre Críochach 2030, arb é sin 'tuiscint a fháil ar an gcaoi a múnlaíonn beartais earnála cothromaíochtaí (nó míchothromaíochtaí) ó thaobh na réigiún de'.

41. Tá sé á chur i bhfios go láidir ag CnaR gur gá do na Ballstáit cumarsáid agus comhordú a áirithiú idir na haireachtaí, na gníomhaireachtaí agus na húdaráis bhainistíochta éagsúla chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na sineirgí agus na comhlántachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir beartais agus sruthanna cistiúcháin éagsúla agus chun a áirithiú nach mbeidh aon fhorluí ná díobháil ann don chomhtháthú.

42. Iarrann CnaR an athuair ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus aon ionstraim eile a thiocfaidh ina háit cur chuige an bheartais chomhtháthaithe a ionchorprú go díreach iontu féin bunaithe ar chlársceidealú straitéiseach fianaise-bhunaithe, ar an rialachas il-leibhéil agus ar an gcomhpháirtíocht.

43. Tá sé á chur chun suntais ag CnaR nach mór do leibhéil éagsúla rialtais oibriú i gcomhpháirtíocht le chéile chun an comhtháthú a bhaint amach ar an leibhéal praiticiúil, lena n-áirítear trí chomhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme bheartais/ionstraimí éagsúla an Aontais.

44. Tá CnaR ag tathant ar na Ballstáit tacú le haon cheann dá réigiúin a bhfuil a bhforbairt tite ar gcúl chun acmhainneacht riaracháin a fhorbairt agus borradh a chur faoin bhforbairt scileanna chun lántairbhe a bhaint as cláir an Aontais.

An Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2023.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún

Vasco ALVES CORDEIRO

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus bainistiú géarchéimeanna: cur le hathléimneacht an Aontais, a réigiún agus a chathracha

(2023/C 257/02)

Rapóirtéir: Christophe CLERGEAU (PSE/FR) Comhalta de Chomhairle Réigiúnach Pays de la Loire

MOLTAÍ BEARTAIS

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR),

Ullmhacht na sochaí — cur chuige nua maidir le hullmhacht i gcomhair rioscaí agus géarchéimeanna

1. Tá CnaR den tuairim nach eol dúinn cad iad na géarchéimeanna a chuimleoidh leis an Eoraip ná lena cathracha, a contaetha agus a réigiúin amach anseo, ach gur maith is eol dúinn cé a bheidh caillteach leo. Is beag an beann a bhíonn ag géarchéimeanna ar theorainneacha riaracháin. Dá bhrí sin, ní mór cur chuige il-leibhéil a ghlacadh a mbeidh gach institiúid bhardasach, gach údarás idirmheánach áitiúil (cúigí, contaetha, etc.) agus an leibhéal réigiúnach rannpháirteach ann. Chuige sin, ní mór cultúr a chothú a chuideoidh linn déileáil le rioscaí agus géarchéimeanna, is é sin cur chuige nua a bheidh bunaithe ar ullmhacht na sochaí ar mhaithe le sábháilteacht, sláinte agus folláine an duine. Sin é bun agus barr na tuairime seo.

2. Tugann CnaR dá aire gurb é comhartha sóirt na ngéarchéimeanna a bhuail sinn le blianta beaga anuas ná a bhrúidiúla agus a dhothuartha a bhí siad. Siúd is gur féidir agus gur cheart fáil faoi réir na dtubaistí agus na dteagmhas as cuimse a eascróidh as an athrú aeráide, agus iad a thuar, níl aon dul go bhféadfaí treise na dtubaistí sin ná a mhinice a thiocfaidh siad chugainn a thuar. Is léir dúinn ón ngéarchéim a lean COVID-19 nó ón gcogadh san Úcráin agus a bhfuil d'anró agus cruatan á bhfulaingt ag muintir na tíre sin mar gheall air cad é mar ráig nua géarchéimeanna dothuartha agus ollmhóra atá ag bagairt orainn. Fágann sin nach leor a thuilleadh dul i muinín cur chuige uileghabhálach maidir le géarchéimeanna a chosc (mar atá cur chun gnímh ar mhaithe le rioscaí aitheanta dóchúla a sheachaint) ná ní leor, ach chomh beag, prionsabal an réamhchúraim a chur i ngníomh (mar atá cur chun gnímh d'fhonn teacht roimh rioscaí tromchúiseacha doleigheasta do shláinte an duine nó don chomhshaol).

3. Tá CESE den tuairim nach mór don Eoraip infheistíocht a dhéanamh i gcur chuige nua, mar atá, ullmhacht na sochaí. Is éard a thuigtear leis sin an acmhainneacht chomhchoiteann is gá chun an tsochaí a ullmhú le haghaidh na ndúshlán a bheidh ann amach anseo, géarchéimeanna agus tubaistí go sonrach, agus é sin a dhéanamh de mheon an chomhtháthaithe agus na dlúthpháirtíochta. Le hullmhacht na sochaí, tá béim faoi leith ar an ngné shibhialta, shóisialta agus dhaonna agus ar rochtain ar sheirbhísí agus ar cháilíocht na tacaíochta a chuirtear ar fáil do dhaoine. Tar éis an tsaoil, is ar na daoine is leochailí amuigh is túisce a ghoillfidh géarchéimeanna agus tubaistí i gcónaí. Sin ceann de na ceachtanna a mhúin géarchéim COVID-19 dúinn.

4. Tá CnaR den bharúil nach mór dhá ghné a thabhairt le chéile leis an gcur chuige uileghabhálach i leith na hathléimneachta, is iad sin: forbairt chumas na sochaí chun an t-athrú is gá a chur chun cinn i dtreo gur féidir dul i ngleic le dúshláin na neamhionannas eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, leis an athrú aeráide agus leis an aistriú glas agus, ina theannta sin, forbairt an chumais chun aghaidh a thabhairt ar leochaileacht na sochaí i dtaca le rioscaí, géarchéimeanna agus tubaistí, ar a n-áirítear trí ghníomhaíochtaí chun cur le hullmhacht na sochaí.

5. Molann CnaR gur cheart idirdhealú a dhéanamh ar na leochaileachtaí a bhaineann le rioscaí aitheanta, ar rioscaí comhshaoil, déimeagrafacha agus tionsclaíocha iad den chuid is mó, ar thaobh amháin, agus ar na leochaileachtaí a bhaineann le rioscaí aineoil, ar an taobh eile, cibé acu is toradh iad sin ar an athrú aeráide, a bhaineann siad leis an tsláinte nó is toradh iad ar ghníomhaíochtaí an duine. Ní féidir cur in éadan na leochaileachtaí sin le pleananna bainistíochta, dá shofaisticiúla iad. Má táthar chun cur ina gcoinne i gceart, go háirithe i gcoinne an dara cineál leochaileachta, is gá, thar ní ar bith eile, cultúr a chothú a chuideoidh linn déileáil le géarchéimeanna agus rioscaí maille le hacmhainneacht chomhchoiteann a chabhróidh linn déileáil le héiginnteacht agus tubaistí.

6. Tá CnaR ag iarraidh ar an Aontas Eorpach tosaíocht pholaitiúil a thabhairt don anailís ar na leochaileachtaí sóisialta agus críochacha, ós rud é gur deacair an ní na sochaithe uile a ullmhú d'uireasa na faisnéise sin. Ní fhéadfar freagairt éifeachtach a thabhairt air sin ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe i ngach ceann de chathracha, de chontaetha agus de réigiúin na hEorpa, mura gcuirfear na leochaileachtaí sin chun suntais agus mura ndéanfar iarracht ar iad a thuiscint. Ba cheart dúinn a bheith ar ár n-airdeall faoi chur chuige i leith leochaileachtaí atá uilechuimsitheach agus a bhfuil raon geografach iomarcach aige agus, ina ionad sin, tús áite a thabhairt do chur chuige áitiúil lena dtugtar aghaidh go sonrach ar chúinsí an duine mar atá ar an láthair;

7. Aithníonn CnaR gurb iad na Ballstáit go príomha atá freagrach as na beartais um chosaint shibhialta. Mar sin féin, is rí-mhinic gurb iad na gníomhaithe áitiúla, na cathracha agus na contaetha (cúigí, etc.) a thugann faoi ghníomhaíochtaí um ullmhacht na sochaí agus gníomhaíochtaí fóirithinte. Is gnách leo freisin cumhachtaí den saghas sin a fheidhmiú, le tacaíocht ó na réigiúin. Dá bhrí sin, ní mór féachaint chuige go mbeidh dlúthbhaint ag na húdaráis sin le dearadh agus cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin agus leis an bhfaireachán a dhéanfar orthu. Lena chois sin, ní mór acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil dóibh chuige sin, idir acmhainní airgeadais agus acmhainní dlíthiúla, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta gníomhaí agus le cur chuige rialachais il-leibhéil, mar atá gach uile leibhéal críochach a bheith i gceist.

8. Cuireann CnaR i bhfáth gur gá acmhainneacht na gcathracha agus na réigiún a neartú d'fhonn is gur féidir na seirbhísí a theastaíonn ó na daoine a chur ar fáil, lena n-áirítear i dtráthanna géarchéime. Beart tábhachtach amháin a d'fhéadfaí a dhéanamh ná cur le slándáil chomhchoiteann an tsoláthair ar fud na hEorpa. Chuige sin, níor mhór spleáchais chriticiúla a shainaithint, formhór na dtáirgí agus na seirbhísí riachtanacha a tháirgeadh san Eoraip agus sásraí an mhargaidh aonair a chur ar fáil, sásraí a bhfuil gá leo chun slándáil an tsoláthair amhábhar, earraí agus bia a neartú. Ba cheart an bonneagar criticiúil a fheabhsú freisin chun dálaí maireachtála a chinntiú i dtráthanna géarchéime;

An anailís ar na leochaileachtaí a chur i gcroílár an bheartais comhtháthaithe a bheidh ann amach anseo

Innéacs agus scórchlár lenar féidir tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí a bhaineann leis na leochaileachtaí críochacha agus daonra agus lenar féidir na rioscaí sin a chur san áireamh ar dhóigh níos fearr

9. Is díol sásaimh do CnaR go ndeachthas ar iontaoibh an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) agus an Aonaid Bainistíochta Riosca a ghabhann leis chun 'innéacs' leochaileachta ([1]) a thabhairt chun cinn ina dtugtar le chéile na gnéithe comhshaoil, críochacha, eacnamaíocha agus sóisialta. Tá CnaR ag iarraidh go dtabharfaí dóthain tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais do JRC ionas gur féidir dó dul chun cinn a dhéanamh ar an innéacs sin.

10. Tá sé á chur chun suntais ag CnaR a thábhachtaí atá gné shóisialta na leochaileachta. Cé go ligtear i ndearmad nó i bhfaillí go rómhinic í, is príomhghné den athléimneacht í, ar a shon sin. I dtaca leis na coincheapa seo – rochtain ar dhaoine, tacaíocht shóisialta agus rochtain ar an gcóras sláinte agus ar na seirbhísí sóisialta do dhaoine leochaileacha, laghdú ar an mbearna dhigiteach agus rochtain dhigiteach níos fearr – ba cheart iad a chomhtháthú go huile is go hiomlán in aon anailís leochaileachta. Cuireann CnaR i bhfios go láidir a leochailí atá mionlaigh, mná, na boicht, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas agus iad siúd a bhfuil galair ainsealacha orthu. Cuireann sé chun suntais freisin ról tábhachtach na leochaileachtaí sóisialta sna réigiúin is forimeallaí, i réigiúin iargúlta agus i réigiúin oileánacha agus is iad na réigiúin sin atá ar thús cadhnaíochta sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide.

11. Tacaíonn CnaR le hiarrachtaí JRC chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí agus ar an 'innéacs' leochaileachta. Tá sé i bhfách leis an mian atá ann go mbeadh comhar níos fearr idir JRC, Ard-Stiúrthóireachtaí eile an Choimisiúin agus na Ballstáit chun na críche sin. Dearbhaíonn sé a úsáidí a bheadh sé an t-innéacs sin a chur i bhfeidhm ar gach leibhéal críochach – NUTS 2, NUTS 3 agus, thar aon ní eile, ar an leibhéal críochach – agus iarrann sé athuair go bhfoilseofaí an scórchlár leochaileachta chun dálaí iarbhír gach limistéir a léiriú. Molann sé do na Ballstáit agus do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha infheistíocht a dhéanamh i measúnú riosca, go háirithe ó thaobh na leochaileachta de agus gur cheart torthaí na hoibre sin a chur ar fáil don phobal d'fhonn cultúr a chuideoidh linn deileáil le rioscaí a neartú san Aontas Eorpach.

12. Tarraingíonn CnaR aird ar an ngá atá le sonraí chun na pobail is leochailí a mhapáil go héifeachtach. Mar chuid de sin, ba ghá sonraí neamh-chomhiomlánaithe a sholáthar agus sonraí a idirnascadh chun aird a tharraingt ar chásanna sonracha (e.g. mná atá bocht), mar aon leis an ngá atá le sonraí chun fadhbanna maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí a thabhairt chun suntais.

13. Tá CnaR den bharúil, seachas iarracht a dhéanamh táscaire foirfe a chruthú, gur cheart tús áite a thabhairt don táscaire sin a thriail mar uirlis chinnteoireachta. Is geal leis gur ghlac roinnt eagraíochtaí pobail an cur chuige sin agus iarrann sé go dtabharfaí isteach clár píolótach lena dtabharfar le chéile na cathracha, na contaetha agus na réigiúin ar mian leo triail a bhaint as an táscaire leochaileachta ionas gur féidir é a chur i gcomparáid le tuiscintí áitiúla ar dhálaí iarbhír agus chun a mbeartais agus a n-infheistíochtaí a threorú.

14. Molann CESE go bhféadfadh JRC tús a chur le hardán Eorpach um malartú a bhunú agus, mar chuid de sin, cur chuige uileghabhálach a ghlacadh maidir le leochaileachtaí, oirchill, ullmhacht agus bainistiú rioscaí agus géarchéimeanna ina mbeadh na hinstitiúidí Eorpacha, na Ballstáit, na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus na geallsealbhóirí rannpháirteach. Trí bhíthin an ardáin sin, d'fhéadfaí cur leis an taithí a fuarthas ó ardáin um speisialtóireacht chliste agus maoiniú a fháil ón gclár Interreg na hEorpa. Leis sin, tharraingeofaí aird go háirithe ar an Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta ([2]), rud ar cheart tacú leis agus forbairt a dhéanamh air freisin.

15. Ina theannta sin, molann CnaR na cathracha, na contaetha agus na réigiúin a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna tionscnaimh sin go léir.

16. Tá CnaR ag iarraidh go mbunófaí líonra Eorpach um ghluaiseachtaí sibhialta agus um chomhlachais neamhrialtasacha chun rioscaí agus géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú agus chun sochaithe a ullmhú chun dul i gleic leo. Iarrann sé ar an gCoimisiún tacú leis an tionscnamh sin agus cuidiú lena bhunú. Cuireann sé in iúl go bhfuil sé faoi réir chun oibriú i bpáirt leis an Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta agus leis an gCoimisiún Eorpach chun an líonra sin a bhunú trí imeacht bliantúil a eagrú do na geallsealbhóirí uile, agus sin i gcomhar le hOifig na Náisiún Aontaithe um Laghdú Rioscaí Tubaiste agus leis an gCoimisiún Eorpach.

([1]) https://drmkc.jrc.ec.europa.eu/risk-data-hub/#/vulnerability-in-europe.
Leis an innéacs leochaileachta is féidir tógáil ar an obair atá ar siúl ag JRC faoi chuimsiú na 'Deaise Athléimneachta', ar deais í a fheidhmíonn ar bhonn cur chuige leathan i leith acmhainneacht oiriúnúcháin na sochaithe agus a gcumas géarchéimeanna a thuar (https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/strategic-planning/strategic-foresight/2020-strategic-foresight-report/resilience-dashboards_en).

([2]) https://civil-protection-knowledge-network.europa.eu/about-knowledge-network.

Aghaidh a thabhairt ar a bhfuil de leochaileachtaí ann, rud is tosaíocht nua don bheartas comhtháthaithe

17. Ba mhian le CnaR é a thabhairt chun suntais gur léiríodh le géarchéimeanna a thit amach le déanaí gur féidir neamhionannais dhoimhne nua ó thaobh na sláinte agus na folláine de teacht chun cinn mar thoradh ar leochaileachtaí i gceantair áitiúla agus i measc daonraí. Ar an ábhar sin, cuireann sé i bhfáth gur cheart é a bheith ina thosaíocht pholaitiúil sa bheartas comhtháthaithe aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí sóisialta agus críochacha; ba ghá chuige sin an ghné shóisialta den bheartas comhtháthaithe a neartú i réimsí eile sa bhreis ar an bhfostaíocht agus an oiliúint trí dhíriú ar shaincheisteanna an chuimsithe agus na rochtana ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta. Dá réir sin, dhéanfaí an beartas comhtháthaithe a dhruidim leis na saoránaigh freisin.

18. Tá CnaR den tuairim gur ríthábhachtach an ní é 'innéacs' agus scórchlár leochaileachta críochaí a thabhairt chun cinn má táthar chun tús a chur leis an díospóireacht pholaitiúil faoin gcaoi le réiteach a fháil ar na leochaileachtaí sin faoi chuimsiú an bheartais comhtháthaithe a bheidh ann amach anseo. Ba cheart sonraí ar leibhéal NUTS 3 a chur san áireamh i ngach uile ghné den bheartas freisin chun cur chuige níos spriocdhírithe, níos inrochtana agus níos éifeachtúla a áirithiú.

19. Tá CnaR ar a fhaichill i gcónaí faoi 'innéacs' leochaileachta a úsáid mar uirlis chinnteoireachta chun cistí an bheartais comhtháthaithe a dháileadh. Bíodh sin mar atá, cuireann sé i bhfáth gur gá ról níos mó a bheith ag an mbeartas comhtháthaithe sna réigiúin is leochailí.

20. Molann CnaR go dtabharfaí tús áite sa bheartas comhtháthaithe don athléimneacht i leith géarchéimeanna agus do chur in éadan leochaileachtaí sóisialta agus críochacha, sin anuas ar chistiú breise a thabhairt isteach do réigiúin agus do chontaetha atá an-leochaileach agus ar mian leo an-úsáid a bhaint as an mbeartas comhtháthaithe chun na críche sin.

21. Tá CnaR den tuairim, mar sin féin, bíodh is gur cheart an beartas comhtháthaithe a bheith ina uirlis le haghaidh ullmhacht na sochaí, rud is féidir a dhéanamh, nach féidir leis cúiteamh as damáiste de dheasca mórthubaistí a chumhdach. Is é a bharúil gur mó atá an Cúlchiste nua um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála dírithe ar fhreagairt láithreach a thabhairt ar thubaistí agus ar phaindéimí seachas ar aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí lena mbaineann. Iarrann CnaR, dá bhrí sin, go ndéanfaí breithniú ar shásra buan idirghabhála a bhunú chun mórdhamáiste de dheasca tubaistí i limistéar ar leith a chúiteamh.

22. Molann sé, faoi chuimsiú na gclár cistiúcháin Eorpach amhail Interreg, Fís Eorpach nó Erasmus+, tionscadail comhair idir-réigiúnaigh a spreagadh, ar gá iad a cheapadh de réir dhálaí iarbhír geografacha na limistéar éagsúil. D'fhéadfadh comhar le tríú tíortha a bheith mar thoradh air sin. Bheadh na tionscadail comhair idir-réigiúnaigh sin dírithe ar an athléimneacht i leith géarchéimeanna agus ar aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí, go háirithe a fhad a bhaineann leis an gcur chuige trasteorann i leith rioscaí agus géarchéimeanna, ar luamhán cumhachtach é chun cleachtais éagsúla sna Ballstáit a dhruidim le chéile i dtaca le hábhair faoi leith. I ndáil leis sin, is é is dóichí go mbeidh géarghá le comhchuid shonrach Interreg agus GECC.

23. In ainneoin é a bheith léirithe go bhfuil ionstraimí ar leibhéal an Aontais an-chabhrach ar fad, aithníonn CnaR go bhfuil deis ann tuilleadh a dhéanamh i ndáil leis na dúshláin dhíthiúla agus riaracháin a bhaineann le comhar trasteorann. Ina theannta sin, d'fhéadfaí tuilleadh dlúthpháirtíocht Eorpach a áirithiú ach constaicí ar an gcomhar tsásra trasteorann a bhaint. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach, i dtaca leis sin de, glacadh an tsásra trasteorann Eorpaigh a athsheoladh.

Aistriú ó bhainistíocht riosca go cultúr comhroinnte i leith rioscaí: an Eoraip agus na críocha a ghabhann léi a ullmhú le haghaidh géarchéimeanna agus tubaistí

24. Tugann sé dá aire go bhfuil borradh faoi bheartais cosanta sibhialta agus beartais sláinte poiblí na hEorpa ó chuimil géarchéim COVID-19 linn. Is iomaí tionscnamh nua atá tagtha chun cinn, ar a n-áirítear RescEU agus HERA. Mar thoradh ar an bhfreagairt chomhchoiteann atá tugtha ag an Eoraip ar an gcogadh san Úcráin, is i gcomhar le chéile anois atá muintir na hEorpa ag tabhairt tacaíocht do dhaoine, agus aird tarraingthe, dá réir sin, ar an ngné dhaonna agus shóisialta de bhainistiú géarchéimeanna. De bhreis ar an ngá atá le bainistiú géarchéimeanna, rud atá ag teastáil go géar i gcónaí, tá súil ag CnaR go dtabharfar tosaíocht anois d'ullmhacht na sochaí, i.e. rioscaí a chosc, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus leathadh cultúir chomhroinnte rioscaí agus géarchéime san Eoraip.

25. Cuireann CnaR i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha ós pointe fócasach é chun freagairtí Eorpacha ar ghéarchéimeanna a chomhordú, go háirithe an cogadh san Úcráin agus an crith talún sa Tuirc. Thug bainistiú na ngéarchéimeanna sin an ghné dhaonna agus shóisialta a bhaineann le bainistiú géarchéime chun léire. Ar an gcúis sin, anuas ar an ról tábhachtach atá ag bainistiú géarchéimeanna, rud atá thar a bheith ábhartha i gcónaí, tá súil ag CnaR go dtabharfar tosaíocht freisin d'ullmhacht na sochaí, i.e. rioscaí a chosc, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus leathadh cultúir chomhroinnte rioscaí agus géarchéime san Eoraip.

Cuspóirí an Aontais maidir le hathléimneacht i leith tubaistí

26. Is díol sásaimh do CnaR an moladh agus an teachtaireacht a d'fhoilsigh an Coimisiún maidir le spriocanna an Aontais i dtaca le hathléimneacht i leith tubaistí agus aontaíonn sé leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach iontu, a bhfuil cuid mhór de na moltaí a cuireadh chun cinn i dtuairimí a foilsíodh roimhe seo san áireamh iontu. Is geal leis freisin go bhfuil aird níos mó á tabhairt ar dhálaí áitiúla agus réigiúnacha agus cuireann sé chun suntais a thábhachtaí atá na tionscnaimh shuaitheanta. Tá sé suite de go gcuirfeadh an creat sin, bíodh is gur creat neamhcheangailteach é, le cóineasú na gcleachtas ar fud na mBallstát éagsúil agus, ar an gcaoi sin, le cáilíocht na hullmhachta i leith géarchéimeanna. Ba mhian leis chomh maith go mbeadh dlúthbhaint aige leis an bhFóram um Chosaint Shibhialta a thionólfar in 2024 óir deis a bheidh ann chun athbhreithniú tosaigh a dhéanamh ar na cuspóirí sin agus iad a oiriúnú;

27. Tá CnaR ag iarraidh ar na réigiúin breith ar na failleanna nua atá ann chun páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus chun tionscadail a chistiú, go háirithe faoi Chuspóir 2 'Ullmhúchán' agus an tionscnamh suaitheanta 'PreparEU'. Tá sé ar intinn ag CnaR cuidiú leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bheith níos rannpháirtí sa Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta thar mar atá faoi láthair.

28. Is oth le CnaR, áfach, gur faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta amháin a thagann na foilseacháin sin agus nach dtugtar léargas níos iomlánaíche iontu ar leochaileacht agus athléimneacht na hEorpa, a cathracha agus a réigiún i leith géarchéimeanna.

29. Tá CnaR i bhfabhar tástálacha struis a thabhairt isteach maidir le hathléimneacht na lárionad oibríochta éigeandála. Iarrann sé, áfach, go leathnófaí na tástálacha sin chun córais rabhaidh agus bainistithe géarchéime ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil a áireamh iontu. Molann sé freisin go gcuirfí gach gné den leochaileacht, lena n-áirítear tosca sóisialta agus críochacha, san áireamh ar dhóigh níos fearr sna tástálacha struis sin.

30. Spreagann sé réigiúin/údaráis áitiúla chun tástáil struis a dhéanamh i gcásanna atá oiriúnach don tírdhreach riosca áitiúil/réigiúnach. D'fhéadfaí atlais maidir le riosca áitiúla/réigiúnacha, feachtais ardaithe feasachta i leith rioscaí agus gníomhaíochtaí um ullmhacht an phobail a spreagadh freisin, mar aon le gníomhaíochtaí a dhéanfaí i gcomhthráth le mí na hullmhachta i leith géarchéimeanna a eagróidh an tAontas amach anseo, rud a moladh sa Teachtaireacht maidir le grúpaí diagnóisbhunaithe.

Cultúr comhchoiteann i leith rioscaí agus géarchéimeanna a chothú i measc na gcinnteoirí áitiúla, náisiúnta agus Eorpacha

31. Tugann CnaR dá aire go bhfuil creat straitéiseach Eorpach maidir le rioscaí agus géarchéimeanna á iarraidh ag an gcuid is mó de na gníomhaithe ar tionóladh cruinnithe leo d'fhonn cur chuige córasach comhordaithe a cheapadh (rud a mheastar a bheith in easnamh faoi láthair). Tá sé molta ag cuid mhaith díobh siúd go bhféadfaí Ard-Stiúrthóireacht 'rioscaí agus géarchéimeanna' a bhunú lena gcumhdófar ullmhacht na sochaí, rioscaí a chosc, agus bainistiú rioscaí agus géarchéimeanna a eascraíonn as leochaileachtaí.

32. Dearbhaíonn CnaR gurb é an príomhdhúshlán atá le sárú a fhad a bhaineann le rioscaí agus géarchéimeanna ná conas meon lucht déanta cinntí agus próiseas na cinnteoireachta polaitiúla a athrú. Ní chuirtear oiliúint ar fhormhór an lucht déanta cinntí chun géarchéimeanna a thuar ná a bhainistiú ná chun dul i ngleic le dúshláin na hathléimneachta. San am i láthair, is iomaí sásra atá ann chun rioscaí arna sainaithint go soiléir a bhainistiú agus is ilroinnte anois na beartais phoiblí dá bharr sin. Tá an méid sin chun dochair do chur chuige uileghabhálach atá dírithe ar athléimneacht, ar anailís ar leochaileachtaí sóisialta agus críochacha agus ar ullmhacht i gcomhair rioscaí aineoil. Ba cheart cultúr comhroinnte nua chun dul i ngleic le rioscaí agus géarchéimeanna a chur chun cinn bunaithe ar phrionsabal ullmhacht na sochaí.

33. Molann CnaR, dá bhrí sin, scoil Eorpach maidir le rioscaí agus géarchéimeanna a bhunú lena gcuirfí conairí oiliúna ar fáil do lucht déanta beartas agus dóibh siúd atá i gceannas ar oibríochtaí agus lena bhforbrófaí creataí gairmiúla agus scéim chreidiúnaithe chun pobail ghairmiúla chomhtháite a chothú agus soghluaisteacht agus aitheantas frithpháirteach a éascú. Thacódh an méid sin freisin le hoiliúint leanúnach, d'fhorbrófaí líonraí agus gníomhaíochtaí chun eolas agus taithí a mhalartú, agus d'eagrófaí ceardlanna maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus maidir le straitéisí agus freagairtí oibríochtúla nuálacha a cheapadh.

34. Cuireann CnaR i bhfáth gur cuma más lasmuigh den Eoraip a thosaíonn géarchéimeanna domhanda, is féidir leo difear a dhéanamh do Bhallstát ar bith. Mar shampla d'fhéadfadh sé gur géarchéim dídeanaithe a bheadh i gceist nó go mbeadh fadhbanna ann maidir le táirgí criticiúla a rochtain. Ba cheart bearta a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcumas atá ann géarchéimeanna domhanda a réamh-mheas agus iad a chosc trí ghníomhaíocht chomhbheartaithe, lena n-áirítear gníomhaíocht lasmuigh den Aontas Eorpach.

35. Tá CnaR den tuairim gur chun leasa na hEorpa é gníomhú i gcás ina mbíonn rioscaí nua ag teacht chun cinn d'fhonn nochtadh an Aontais Eorpaigh do rioscaí a theorannú. Ní mór do na húdaráis ábhartha laistigh den Aontas a bheith in ann líonrú a dhéanamh le go leor comhlachtaí ar comhpháirtithe de chuid CnaR iad cheana (lena n-áirítear, ar an leibhéal idirnáisiúnta, le hOifig na Náisiún Aontaithe um Laghdú Rioscaí Tubaiste, arb é sin ardán de chuid na Náisiún Aontaithe don Eoraip agus don Áise Láir, agus tionscnamh 2030 *Making Cities Resilient*). Ní foláir dóibh freisin dul i mbun gnímh lasmuigh den Aontas i gcomhar leis na tíortha lena mbaineann a luaithe a shainaithneofar rioscaí agus ba cheart acmhainní suntasacha a bheith acu chuige sin. Caithfidh an comhar sin an chéim ullmhúcháin a chuimsiú freisin agus, go háirithe,

bearta chun géarchéimeanna a chosc, chun leochaileachtaí a laghdú agus chun sochaithe a ullmhú le haghaidh géarchéimeanna a chumhdach. Chun na críche sin, ba cheart na sásraí atá ann cheana agus fóraim na ngeallsealbhóirí amhail líonra eolais an Aontais Eorpaigh um chosaint shibhialta comhpháirtíochtaí le gníomhaithe na sochaí sibhialta agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla a threisiú;

Tá gá le sochaithe athléimneacha réamhghníomhacha má táthar chun dul i ngleic le rioscaí agus géarchéimeanna ar bhealach níos fearr

36. Tá CnaR den tuairim gur bunchloch de bhunchlocha na hathléimneachta é cumas na saoránach cur le chéile le linn na n-uaireanta an chloig tosaigh agus iad i lár géarchéime agus súil acu le fóirithint. Is éard a theastaíonn chuige sin ná oiliúint a chur ar gach saoránach roimh ré, gach teaghlach a ullmhú agus cleachtais dlúthpháirtíochta a áirithiú ar an leibhéal áitiúil. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas Eorpach 'straitéis 72 uair an chloig chun déileáil le géarchéimeanna' a ghlacadh, straitéis a bheadh curtha in oiriúint do dhálaí áitiúla agus a chuirfeadh sainiúlachtaí gach Ballstáit agus gach réigiúin dá chuid san áireamh, ag tarraingt dó go háirithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó thíortha eile, cuir i gcás an tSeapáin nó na Stáit Aontaithe.

37. Is mian le CnaR dhá rud a chreideann sé go diongbháilte a chur in iúl: is é an bealach is fearr chun meon a athrú ná oiliúint a chur ar leanaí agus ar dhaoine óga; is iad rannpháirtíocht láidir na sochaí, an earnáil dheonach féin agus an obair dheonach na nithe is mó a thiomáineann an athléimneacht chun cinn sa tsochaí. Ina fhianaise sin, molann CnaR spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht i leith tubaistí a chomhlánú le trí thionscnamh shuaitheanta nua:

— 'monarchana rioscaí' ([3]) atá curtha in oiriúint do chreatchoinníollacha agus dálaí ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus a ndearnadh tástáil orthu i roinnt tíortha cheana féin a chur ar bun ar bhonn níos forleithne d'fhonn oiliúint a chur ar gach leanbh óg idir 6 agus 10 mbliana d'aois faoi na ceisteanna ba chóir dóibh a chur agus faoi na céimeanna ba cheart a thabhairt chun fáil faoi réir rioscaí agus dul i ngleic leo;

— creat Eorpach le haghaidh oiliúint chéadfhreagartha agus gharchabhrach, lena gcuirfí oiliúint ar fáil i ngach tír a bheadh inaistrithe agus arbh fhéidir tógáil uirthi agus a spreagfaí gach duine óg lena cur i gcrích faoi 20 bliain d'aois;

— feachtas Eorpach lena gcuirfí rannpháirtíocht dheonach na sochaí chun cinn sna comhlachtaí deonacha agus sna comhlachais neamhrialtasacha araon.

38. Tá CnaR ag iarraidh freisin go bhfágfaí cineálacha cur chuige atá bunaithe ar an dóchúlacht i leataobh, ós rud é gur minic beag is fiú á dhéanamh do rioscaí suntasacha dá ndeasca, mar a tharla cheana i gcás eipidéimí. I gcás aon bhearta a dhéanfaí, tá sé ag iarraidh anuas air sin nach rachfaí ar iontaoibh pleananna gníomhaíochta atá dírithe ar rioscaí comhshaoil agus tionsclaíocha aitheanta agus dóchúla a bhainistiú, agus ar a n-iontaoibh sin amháin, ach go gcuirfí straitéis athléimneachta agus ardán áitiúil gríosúcháin i bhfeidhm i ngach uile chathair, contae agus réigiún d'fhonn foirne athléimneachta áitiúla a eagrú agus sochaithe a ullmhú le haghaidh géarchéimeanna, sin agus dúthracht ar leith a chaitheamh leis an tacaíocht is gá a thabhairt do na pobail is leochailí amuigh. Leis na hardáin áitiúla athléimneachta sin, ba cheart tarraingt ar rannpháirtíocht na saoránach, cur chuige idirdhisciplíneach a spreagadh, malartú sonraí agus idir-inoibritheacht a chur chun cinn, comhar a chothú, lena n-áirítear comhar trasteorann, an slabhra freagartha géarchéime a éascú agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a chothú;

39. Iarrann CnaR go ndéanfaí gníomhaíocht láidir chun an bhochtaineacht dhigiteach a laghdú, rud is cúis le riosca breise i gcás géarchéime óir fágann sé nach féidir le cuid shuntasach den daonra faisnéis agus seirbhísí bunriachtanacha a rochtain. Cuireann sé chun suntais gur gá líonra de phointí rochtana fisiciúla ar fhaisnéis, ar chabhair agus ar thacaíocht dhaonna a thógáil chomh gar agus is féidir don daonra sna cathracha agus sna réigiúin agus nach mór iad a bheith oibríochtúil i gcás géarchéime.

RescEU agus córais comhordúcháin práinnfhreagartha

40. Tacaíonn CnaR le gach aon infheistíocht airgeadais Eorpach arb é is cuspóir di RescEU a neartú, ní hamháin ionas gur féidir leis an Aontas freagairt níos tapa, níos cuimsithí agus níos uathrialaithí a thabhairt, ach freisin chun an ról atá aici i mbainistiú rioscaí agus tubaistí a neartú.

41. Is díol sásaimh dó tionscnamh ERCC 2.0 (an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha), arb é is aidhm dó feabhas a chur ar an gcumas imeachtaí trasearnála ar fud an Aontais a réamh-mheas, a thuar agus ullmhú dóibh agus tuilleadh feabhais a chur ar chórais réamhrabhaidh chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh iontu lena áirithiú go gcuirfear faisnéis ar fáil go luath agus go ndéanfar feasacht a ardú i ndáiríre. Aithníonn CnaR an obair atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach sa réimse sin i gcomhréir leis an sainordú atá aige i réimse na gcóras luathrabhaidh agus mar chuid den reachtaíocht maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. Is é is aidhm dó sin córais braite, faisnéise agus foláirimh trasteorann a fhorbairt amhail EFAS (an Córas Eorpach maidir le Feasacht Tuile), EFFIS (an Córas Eorpach Faisnéise maidir le Dóiteáin Foraoise) agus EDO (an Fhaireachlann Eorpach um Thriomach).

([3]) E.g. in Albain: http://www.safercommunitiesscotland.org/wp-content/uploads/the-risk-factory.pdf; san Ísiltír: https://www.riskfactorymwb.nl/over-ons/.

HERA agus Aontas Sláinte na hEorpa

42. Tacaíonn CnaR le HERA agus leis an ngníomhaíocht a rinneadh le bliain anuas, go háirithe chun rioscaí don tsláinte a shainaithint, cásanna bainistíochta agus frithbhearta leighis a leagan síos, slabhraí luacha a neartú agus cur lena bhfuil d'acmhainneacht ann chun na hearraí agus na seirbhísí a theastaíonn uainn a tháirgeadh san Eoraip. Tá sé á chur in iúl aige go bhfuil tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais athnuaite agus leanúnach de dhíth ar HERA go ceann roinnt blianta ionas gur féidir dó a chúraimí a dhéanamh go héifeachtach.

43. Aithníonn sé nach fusa meastóireacht a dhéanamh ar HERA tar éis bliain amháin ach iarrann sé athuair ar Pharlaimint na hEorpa, ar na cathracha, ar na réigiúin agus ar na geallsealbhóirí sochaíocha ról níos éifeachtaí a ghlacadh acu i gcomhlachtaí HERA, go háirithe Fóram HERA.

44. Cuireann CnaR in iúl gur geal leis an cur chuige nua 'Aon Sláinte Amháin' a cuireadh i bhfeidhm chun fáil réidh leis na bacainní idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte an chomhshaoil agus chun beartais sláinte a chomhtháthú i gcur chuige comhleanúnach i leith na forbartha inbhuanaithe.

45. Athdhearbhaíonn sé an rabhadh a thug sé don Choimisiún agus don Chomhairle maidir leis an easpa iarrachta atá á déanamh chun feabhas a chur ar tháirgeadh táirgí agus cógas san Eoraip, nithe atá ag teastáil chun dul i ngleic le géarchéimeanna sláinte. Cuireann sé fainic orthu chomh maith faoi chleachtais na gceannaitheoirí poiblí. I lear mór tíortha, fágann cleachtais den saghas sin go dtugtar tús áite do phraghsanna ísle seachas do tháirgeadh san Eoraip. Is amhlaidh atá dearmad á dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn ghéarchéim COVID-19.

46. Molann CnaR gur cheart athléimneacht na gcóras sláinte, lena n-áirítear cúram sláinte pobail agus ospidéil, a fhiosrú i gcomhthéacs 'Eoraip um an tSláinte', agus lámh a bheith ag na Ballstáit agus ag na húdaráis ábhartha áitiúla agus réigiúnacha san obair sin. Mar chuid de sin, ba ghá a áirithiú gur féidir leanúnachas cúraim a ráthú i dtráth géarchéime trí acmhainneachtaí glactha leordhóthanacha atá ann cheana nó cinn shealadacha. Dá bhrí sin, iarrann CnaR go ndéanfaí staidéir a sheoladh chun measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bheidh ann má chuirtear soláthar cúraim ar athló nó má fhágtar ina stad é de thoradh ghéarchéim COVID-19, go háirithe a fhad a bhaineann le hailse, galair ainsealacha agus meabhairshláinte.

47. Iarrann sé freisin go mbeadh díospóireacht níos doimhne ann maidir leis an gcaoi ar féidir sonraí sláinte a úsáid chun na daoine is leochailí i leith géarchéimeanna a shainaithint. Ar an dóigh sin, b'amhlaidh ab fhusa tacaíocht shóisialta a chur ar fáil dóibh agus leanúint de chúram leighis a thabhairt dóibh. Agus na dúshláin eiticiúla agus oibríochtúla á meas, molann CnaR 'Spás Eorpach Sonraí Sláinte' a chruthú chun sonraí a bhailiú, chun cur lena gcáilíocht agus chun iad a chur ar fáil do sheirbhísí poiblí áitiúla. Tá sé ag tabhairt rabhadh faoin riosca atá ann go n-imeodh codanna iomlána den daonra ó thuairisc orainn toisc nach gcuirtear iad san áireamh sna sonraí sláinte de dheasca a n-eisiata nó de thoradh na deighilte digití.

Cur chuige trasearnálach maidir le leochaileacht, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus bainistiú géarchéimeanna

48. Molann CnaR go dtabharfaí aird ar an innéacs agus an scórchlár leochaileachta chun forbairtí i mbeartais éagsúla eile de chuid an Aontais, de bhreis ar an mbeartas comhtháthaithe, a threorú (cuir i gcás, sa chomhbheartas talmhaíochta, sa bheartas taighde agus nuálaíochta nó in Aontas Sláinte na hEorpa). Ba mhór ba chuidiú Tascfhórsa idir-AS laistigh den Choimisiún chun an cúram sin a chur i gcrích.

49. Tacaíonn CnaR leis an gcur chuige 'athléimneachta trí dhearadh' lenar féidir tionchair a bhaineann le hathléimneacht agus leochaileacht a chomhtháthú ó na luathchéimeanna agus beartais phoiblí, rialacháin, pleananna gníomhaíochta, cláir mhór infheistíochta agus bonneagar ar mhórscála, etc. á gceapadh.

50. Tá CnaR den bharúil gur tábhachtach an ní é an soláthar poiblí a mhéid a bhaineann le nuálaíocht a áirithiú, tástáil a dhéanamh ar chineálacha cur chuige nua atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht áitiúil agus ar athléimneacht an bhonneagair áitiúil agus an trealaimh áitiúil a fhorbairt.

51. Molann CnaR go mbunófaí 'misean' faoi chuimsiú an chláir Fís Eorpach maidir le hathléimneacht i leith rioscaí agus géarchéimeanna (bainistiú, ullmhacht, cultúr comhroinnte, leochaileachtaí), ag tógáil ar an 'slándáil shibhialta don tsochaí' agus é dírithe ar mhodhanna agus teicneolaíochtaí a fhorbairt, chun go mbeidh sé ina shaotharlann bheo le haghaidh nuálaíocht agus rannpháirtíocht atá fréamhaithe i ndálaí iarbhír sna cathracha agus sna réigiúin.

An Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2023.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún

Vasco ALVES CORDEIRO

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil: an dearcadh áitiúil agus réigiúnach

(2023/C 257/03)

Rapóirtéir: Thomas HABERMANN (DE/PPE), Ceann Cheantar Riaracháin Tuaithe Rhön-Grabfeld

MOLTAÍ BEARTAIS

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

1. á chur i bhfios nach scrios agus fulaingt as cuimse, agus é sin amháin, an toradh atá ar an gcogadh foghach atá curtha ag an Rúis ar an Úcráin ná an toradh ar fhorghabháil fhadtéarmach chríocha na hÚcráine, rud atá ina shárú ar an dlí idirnáisiúnta, ach go bhfuil tionchar follasach á imirt freisin ar an Aontas Eorpach, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, is cuma an faoin tuath nó i gceantair uirbeacha atá siad;

2. tá sé á chur i bhfios aige freisin nár éirigh leis an Aontas Eorpach téarnamh ar fónamh a dhéanamh go fóill ó phaindéim COVID-19, paindéim a d'fhág go raibh ualach breise airgeadais le hiompar ag an Aontas, go háirithe ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha;

3. meabhraíonn CnaR gur sular thosaigh an cogadh san Úcráin, gur sular thit paindéim COVID-19 amach agus gur sula raibh an costas ard ar fhuinneamh agus an méadú ar an mboilsciú ann is ea a leagadh amach an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá againn faoi láthair. Níl ann ach dhá bhliain ó glacadh an creat sin, ach is follas cheana féin nach leor é chun tabhairt faoi na géarchéimeanna atá ann faoi láthair;

4. dá bhrí sin, is díol sásaimh do CnaR go bhfágann an Comhaontú Idirinstitiúideach a ghabhann le CAI go bhfuil ceangal ar an gCoimisiún Eorpach athbhreithniú meántéarma a dhéanamh ar CAI, agus iarrann sé ar an gCoimisiún measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar raon feidhme CAI, lena n-áirítear na huasteorainneacha buiséid atá luaite ann, ar na bearta solúbthachta atá ann, sin agus ar an gcaoi a n-oibríonn sé;

5. tá an-tábhacht leis na prionsabail chothrománacha atá mar bhonn faoi CAI agus mar thaca dó agus ag beartais ghaolmhara uile an Aontais, go háirithe maidir le spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais a bhaint amach agus an comhionannas inscne a chur chun cinn. Is mian le CnaR a áitiú nach mór na prionsabail sin a bheith lárnach in CAI le linn an athbhreithnithe, agus gealltanas an Aontais a chomhlíonadh maidir le téarnamh cothrom athléimneach inbhuanaithe atá cóir ó thaobh na sochaí de a áirithiú do chách, lena n-áirítear cur chun feidhme chreat athbhreithnithe 2030 le haghaidh spriocanna aeráide, fuinnimh agus comhshaoil an Aontais, agus é mar chuspóir an tAontas Eorpach a dhéanamh neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050;

6. is mian le CnaR a chur i bhfáth go mbíonn an-tionchar ag an leagan amach atá ar CAI ar an rud a tharlaíonn sna húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus gur ar neartú na n-údarás sin a chaitear cuid mhór de chistí na hEorpa;

7. is maith a thuigeann CnaR a thábhachtaí atá beartas comhtháthaithe na hEorpa don chomhtháthú eacnamaíoch, críochach agus sóisialta i ngach réigiún. D'uireasa an phríomhcholúin sin den tacaíocht Eorpach, chuirfí an rath a d'fhéadfadh a bheith ar an margadh aonair san Eoraip i gcontúirt. Tá CnaR tiomanta an obair ar an gComhghuaillíocht um Chomhtháthú a chur chun cinn lena áirithiú go gcinnteoidh an leagan nua de CAI go mbeidh beartas comhtháthaithe láidir feabhsaithe ann a bheidh lárnach i gcónaí san Eoraip;

8. meabhraíonn CnaR gurb é is cúis le dáileadh mall stadach na gcistí comhtháthaithe Eorpacha i dtíortha áirithe an t-údarú déanach a rinneadh ar roinnt clár, agus go bhfuil rialacha difriúla agus spriocanna éagsúla maidir le gealltanais agus íocaíochtaí i bhfeidhm i gcomhthráth i gcláir thacaíochta éagsúla de chuid na hEorpa (e.g. an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, REACT-EU, an Ciste um Aistriú Cóir, na Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta), sin agus na tréimhsí pleanála agus cur chun feidhme atá i bhfad róghearr le go bhféadfaí bearta idirghabhála géarchéime a dhéanamh a bheadh incháilithe go cúlghabhálach. Tá CnaR ag iarraidh go ndéanfaí na rialacha atá i bhfeidhm maidir leis na cistí éagsúla bainistíochta comhroinnte faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna a thabhairt chun rialtachta; i ndáil leis na rátaí ísle atá ann faoi láthair i gcás dháileadh na gcistí i gcláir áirithe, is mian le CnaR a chur i bhfáth nach ceart leas a bhaint as an bpatrún sin mar thagarmharc chun buiséad na gcistí comhtháthaithe a laghdú;

CAI d'fhonn tacú leis an infheistíocht ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach

9. tá CnaR á chur i bhfáth gurb é dúshlán na n-údarás áitiúil agus réigiúnach freisin an boilsciú ard, an costas a bhaineann le hóstáil, le himeascadh agus le cúram dídeanaithe, sin agus an méadú mór atá ar an gcostas ar fhuinneamh. Fiú sna Ballstáit is láidre geilleagar, is minic gan é d'acmhainn ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha na hinfheistíochtaí a bhfuil gá leo a dhéanamh ar a gconlán féin. Ar a bharr sin uile, tá an ganntanas amhábhar, an easpa scileanna agus na slabhraí soláthair éagobhsaí, trí dhúshlán breise a chuireann cobhsaíocht gheilleagair na hEorpa i mbaol;

10. is ón ionstraim NextGenerationEU a thagann os cionn leath d'acmhainní an CUAC agus is ar feadh tréimhse níos giorra a mhaireann siad, sin go 2023. Is ábhar imní do CnaR dá thoradh sin go mbeidh brú ollmhór infheistíochta ann i mblianta tosaigh an leagain nua de CUAC toisc nach mbeidh baint aige le cistí seanbhunaithe an bheartais comhtháthaithe. Tá CnaR ag iarraidh go gcuirfí síneadh leis na sprioc-amanna infheistíochta maidir le hacmhainní CUAC a fháil ó NextGenerationEU (mar shampla, trí na sprioc-amanna le haghaidh na ngealltanas a fhadú), ionas nárbh é aimhleas eis-sreabhadh na n-acmhainní é agus lena áirithiú gur le haghaidh tionscadail éifeachtacha agus inbhuanaithe atá i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a úsáidfear acmhainní CUAC ina n-iomláine;

11. ina theannta sin, bíonn gá le hinfheistíocht mhór ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach le haghaidh roinnt mhaith de na rialacha maidir le cur chun feidhme na gcistí, rud a imríonn tionchar díreach ar an mbuiséad ar an leibhéal fonáisiúnta. Tá baint aige sin, mar shampla, le spriocanna digiteacha na hEorpa, leis an gComhaontú Glas don Eoraip nó leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55', pacáiste a éilíonn gur ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach a dhéanfaí breis agus leath de na hinfheistíochtaí sin a bhfuil gá leo faoin bpacáiste;

12. tá CnaR ag iarraidh go gcuirfí deireadh de réir a chéile leis na fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol agus go mbeadh comhsheasmhacht ann idir cistí agus cláir uile an Aontais a bheidh in CAI tar éis 2027. Áitíonn CnaR nár cheart tionscadail agus cláir a cháiliú le haghaidh tacaíochta sa chéad leagan eile de CAI mura bhfuil siad i gcomhréir leis an sprioc an téamh domhanda a choinneáil faoi bhun 1,5 C ná leis an sprioc deireadh a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus an claonadh sin a chasadh thart;

13. meabhraíonn CnaR go bhfágann na hoibleagáidí infheistíochta atá ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha go mbíonn an iomarca brú orthu, sin de thoradh drochbhail a bheith ar bhuiséad a lán de na húdaráis sin. Dá bhrí sin, is ábhar imní do CnaR go gcuirfeadh laghdú foriomlán na hinfheistíochta poiblí isteach go mór ar chur i gcrích mhórchuspóirí ginearálta na hEorpa, e.g. cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is ábhar imní dó freisin go bhféadfadh sin an tslí chun rachmais a chur in aimhréidh ar na saoránaigh agus ar an leas iomlán a d'fhéadfaí a bhaint as geilleagair na réigiún agus na mbardas;

14. is é an tuairim atá ag CnaR ina leith sin go léir nár leor ann féin CAI a neartú gan acmhainn infheistíochta na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a neartú san am céanna. Creideann sé freisin gur tábhachtach an ní é, sa chomhthéacs sin, straitéisí forbartha críochaí (forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail/infheistíochtaí críochacha comhtháite) a chur chun cinn, trí úsáid éigeantach más gá sin, chun páirt a thabhairt do na leibhéil rialachais is gaire do na saoránaigh i bpleanáil, i gcur chun feidhme agus i mbainistiú na gcistí agus sa chomhairliúchán a dhéantar ina dtaobh;

15. cé nach bréag a rá gur féidir leis na cistí Eorpacha cur go mór leis an tacaíocht a thugtar do na húdaráis fhonáisiúnta, meabhraíonn CnaR nach leor iontu féin iad i gcónaí chun na hinfheistíochtaí a bhfuil gá leo ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach a dhéanamh le go bhféadfaí an reachtaíocht Eorpach a chur chun feidhme;

16. i ndáil leis sin, is mian le CnaR a chur i bhfios nach bhfuil aon sásraí ann i bhformhór na mBallstát ar na leibhéil rialtais atá os cionn an leibhéil áitiúil agus réigiúnaigh chun na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a chúiteamh go hiomlán as na costais a bhaineann le cur chun feidhme na reachtaíochta Eorpaí;

17. tá CnaR den tuairim nach féidir Aontas Eorpach láidir iomaíoch inbhuanaithe a thógáil murar leor na hacmhainní atá ar fáil ag buiséid gach leibhéil rialtais, mura bhfuil nasc ag na hacmhainní sin le chéile agus mura bhfuil siad ag comhlánú a chéile. Dá bhrí sin, tá sé ag iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú iarbhír ar CAI le go gcuirfear na dúshláin nua sin san áireamh agus le go soláthrófar na hacmhainní breise a theastaíonn chun dul i ngleic leis na dúshláin sin;

18. i gcás tograí reachtacha nua de chuid an Aontais, tá CnaR den tuairim gur cheart don Choimisiún meastachán a dhéanamh ar an gcostas a bheidh i gceist ag an leibhéal rialtais a bheidh freagrach as an gcur chun feidhme, é a chur san áireamh má tá sásraí cúitimh ann ar an leibhéal náisiúnta, agus an méid a chabhróidh acmhainní CAI maidir le cúiteamh an chostais sin a mheas. Iarrann sé ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil acmhainní iomchuí ar fáil le go bhféadfaí an caiteachas sin a chúiteamh dá mbeadh bearna infheistíochta ann, rud a d'áiritheodh dul chun cinn comhsheasmhach i gcás gach togra;

19. d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na gnéithe sin, iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach tabhairt faoi mheasúnú tionchair chríochaigh cuimsitheach sula ndréachtófar an reachtaíocht, agus dar leis gur cheart do na Ballstáit agus na moil réigiúnacha a bheith rannpháirteach sa mheasúnú sin;

20. is mian le CnaR a chur i bhfáth gur iarradh san 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú go neartófaí na measúnuithe tionchair chríochaigh agus an sásra um promhadh leas na tuaithe, ionas go gcuirfí riachtanais agus sainiúlachtaí réigiúin agus limistéir éagsúla an Aontais san áireamh ar bhealach ní b'fhearr. I ndáil leis sin, is mian le CnaR tagairt freisin don tuairim uaidh *An prionsabal 'gan dochar a dhéanamh don chomhtháthú' – prionsabal trasearnálach lena gcuirtear leis an gcomhtháthú mar chuspóir foriomlán agus mar luach foriomlán de chuid an Aontais* ([1]). Iarrann sé ar an údarás buiséadach an deis a thugann an t-athbhreithniú ar CAI a thapú le go bhféadfar acmhainní airgeadais breise a chur san áireamh ann chun na measúnuithe tionchair chríochaigh sin a mhaoiniú.

CAI d'fhonn an tAontas Eorpach a neartú agus a chosaint ar ghéarchéimeanna

21. tá CnaR á chur i bhfios go bhfuil bac, le blianta beaga anuas, ar an acmhainn atá san Aontas Eorpach gníomhú i gcás géarchéimeanna, sin mar gheall ar chomhráite fada a bheith ann faoin mbuiséad, faoi mhaoiniú beart nua agus faoin easpa atá sna hionstraimí solúbthachta buiséid atá ann faoi láthair. Tá CnaR den tuairim go láidir gur chun na dúshláin nua dhothuartha sin a choigeartú ar thángthas ar chomhaontú faoin athbhreithniú meántéarma ar CAI;

22. tá CnaR den tuairim nach bhfuil CAI cothrom le dáta a thuilleadh agus nach mór athbhreithniú a dhéanamh air;

23. tá CnaR á chur i bhfios go bhfuil nasc ag CAI agus na hacmhainní dílse le chéile. Tá sé ag tathant ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún cloí leis an treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, mar a comhaontaíodh sa Chomhaontú Idirinstitiúideach a síníodh i mí na Nollag 2020, comhaontú atá ceangailteach de réir dlí agus a bhfuil gá leis le go bhféadfar ar a laghad aisíocaíocht NextGenerationEU a chúiteamh;

24. is díol sásaimh do CnaR go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach tograí le haghaidh acmhainní dílse breise iarbhír a thíolacadh in 2023. Is mar ioncam neamhshannta ba cheart an t-ioncam nua sin a chlárú i mbuiséad AE. Ní chun na fiacha a bhaineann leis an ionstraim NextGenerationEU a athmhaoiniú, agus chuige sin amháin, ba cheart an t-ioncam nua sin a úsáid, ach ba cheart leas a bhaint as freisin, san fhadtéarma, chun cur leis an acmhainn atá san Aontas, sna Ballstáit agus sna húdaráis áitiúla agus réigiúnacha gníomhú i gcás géarchéimeanna de réir bhrí Airteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Dá thoradh sin, ba cheart gurbh fhusaide freisin dul i ngleic, faoin dlí príomha agus inniúlachtaí na mBallstát á gcur san áireamh ina n-iomláine, le saincheisteanna práinneacha beartais i dtimpeallacht eacnamaíoch ina bhfuil boilsciú agus praghsanna arda ar fhuinneamh, sin agus chun spleáchas an Aontais ar acmhainní an ollioncaim náisiúnta (OIN) a laghdú. Le linn an athchóirithe ar chóras na n-acmhainní dílse, ba cheart, mar chuid de na measúnuithe tionchair chríochaigh, scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a imrítear ar na bardais agus ar na réigiúin, forálacha ábhartha Chonradh AE a chur san áireamh go hiomlán agus spleáchas an Aontais ar acmhainní dílse OIN atá ann faoi láthair a theorannú tuilleadh;

25. sula dtiomsaítear aon acmhainní dílse nua, ba cheart scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh acu ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, ar na gnólachtaí agus ar na teaghlaigh san Aontas. Ní mór, go háirithe, na córais chánachais atá ann ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil a chur san áireamh ar fhaitíos go mbeadh iomaíocht ann idir an leibhéal Eorpach, an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach nó an leibhéal áitiúil, nó ar fhaitíos fiú go mbeadh cánachas dúbailte ann. Sa chomhthéacs sin, déantar tagairt freisin do thuairim CnaR *An chéad ghlúin eile d'acmhainní dílse le haghaidh bhuiséad an Aontais* ([2]).

26. is mian le CnaR aird a dhíriú arís ar an iarraidh a rinne sé sa tuairim uaidh *An Córas Trádála Astaíochtaí (CTA) agus sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (CBAM) a chur ag obair do chathracha agus réigiúin an Aontais* ([3]), is é sin sciar den ioncam nua a leithdháileadh caol díreach ar an leibhéal rialtais atá freagrach as an reachtaíocht ábhartha Eorpach a chur chun feidhme;

27. creideann CnaR gur cheart go gcabhródh CAI leis an rialachas a dhílárú trí athléimneacht agus acmhainn infheistíochta na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a neartú ar an leibhéal is ísle rialtas. Níor cheart go bhfágfadh comhthiomsú acmhainní ar an leibhéal Eorpach go ndéanfaí dochar d'acmhainneacht na n-údarás fonáisiúnta i gcoinne géarchéimeanna ná don acmhainn atá iontu gníomhú dá mbeadh géarchéim ann;

28. tá CnaR ag tathant ar an gCoimisiún Eorpach tabhairt faoi anailís ar shamhlacha rannpháirtíochta a bhféadfaí leas a bhaint astu chun cistí an bheartais comhtháthaithe (go háirithe cistí Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus CETFT) a chaibidil, a dháileadh, a chlársceidealú agus a chur chun feidhme, d'fhonn barr feabhais a chur ar rannpháirtíocht na n-údarás réigiúnach agus áitiúil i ngach céim de bhainistiú chistí Eorpacha 2028-2034 agus na ceachtanna a foghlaimíodh sa chéad leath de thréimhse cur chun feidhme CAI a chur san áireamh agus an anailís sin á déanamh;

29. dar le CnaR gur cheart cúlchiste lárnach cuimsitheach a chur ar bun mar chuid de CAI le go bhféadfar gníomhú i gcás géarchéimeanna agus, i gcás nach mbainfear leas as an gcúlchiste sin faoi dheireadh thréimhse an bhuiséid, gur cheart é a úsáid faoin gciste ábhartha chun cur leis an acmhainn atá sna húdaráis áitiúla agus réigiúnacha géarchéimeanna a chosc, agus tréimhsí cur chun feidhme níos faide a bheith ann le haghaidh na mbeart atá sceidealaithe cheana féin;

([1]) COTER-VII/026 (féach leathanach 16 den Iris Oifigiúil).

([2]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — An chéad ghlúin eile d'acmhainní dílse le haghaidh bhuiséad an Aontais (IO C 79, 2.3.2023, lch. 99).

([3]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – An Córas Trádála Astaíochtaí agus Sásraí Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha a chur ag obair do chathracha agus réigiúin an Aontais (IO C 301, 5.8.2022, lch. 116).

30. is mian le CnaR a dhearbhú athuair gur riachtanach an rud don Eoraip atógáil na hÚcráine agus gur dualgas morálta atá ann chomh maith. Leis sin a dhéanamh, is gá comhordú uile-Eorpach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí tacaíochta dírí na mBallstát agus ar acmhainní sa bhreis ar an CAI reatha ([4]). Sampla amháin de na hacmhainní breise sin a d'fhéadfaí a úsáid is ea an t-ardán ilghníomhaireachtaí comhordaithe deontóirí don Úcráin, ardán a bhfuil tacaíocht ón gCoimisiún ann faoina chomhair. A mhéid is féidir, ba cheart don straitéis atógála cur leis an modheolaíocht atá i mbeartas comhtháthaithe an Aontais le go bhféadfar an Úcráin a ullmhú chomh maith agus is féidir chun aontú leis an Aontas agus chun dlí na tíre a chomhfhogasú le *acquis* an Aontais.

CAI d'fhonn cur chun feidhme na mbeartas Eorpach a mhaoiniú go hiomchuí

31. is mian le CnaR a chur i bhfios gur minic a mhol an Coimisiún Eorpach bearta nua roimhe seo ach gur tagairt an-ghinearálta a rinne sé don bheartas réigiúnach nó don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a fhad a bhaineann sé le maoiniú, gan a fhiosrú an raibh na cistí a theastódh le haghaidh na gclár nó na bpleananna ar fáil chun na bearta a mhaoiniú ar an leibhéal áitiúil;

32. tá CnaR á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, go dteastóidh acmhainní nua má chuirtear cúraimí nua ar an Aontas Eorpach. Is díol sásaimh dó an Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le hacmhainní dílse nua a ghlac Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, comhaontú ina bhfuil treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach. Ina theannta sin, iarrann CnaR ar an gCoimisiún seiceáil a dhéanamh, nuair atá beartais nua Eorpacha á dtabhairt isteach, féachaint an bhfuil acmhainní ann a d'fhéadfaí a úsáid chuige sin in CAI agus, má tá, féachaint an féidir leas a bhaint as na hacmhainní sin i ngach Ballstát chun an reachtaíocht atá i gceist a chur chun feidhme. Maidir le cistí an bheartais réigiúnaigh, ba cheart seiceáil chúramach a dhéanamh féachaint an bhfuil na cistí atá ann curtha in áirithe chun críche eile nó an gá na cláir oibríochtúla a choigeartú le go bhféadfar na cistí sin a úsáid;

33. tá CnaR á iarraidh go ndéanfaí CAI a thabhairt i gcomhréir le beartais an Aontais agus na hacmhainní airgeadais is gá a chur ar fáil chun na beartais sin a chur chun feidhme. Ba cheart leas a bhaint as an athbhreithniú ar CAI chun na heasnaimh atá sa bhuiséad ilbhliantúil reatha a choigeartú;

34. tá CnaR á chur chun suntais nach mór don Choimisiún Eorpach a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tAontas na gealltanais idirnáisiúnta aeráide i dtéarmaí airgeadais agus go gcuirfidh sé airgead ar fáil don mhaoiniú idirnáisiúnta um an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh, agus go háirithe don Chiste Caillteanais agus Damáiste a comhaontaíodh le linn COP27 agus do na cláir ábhartha faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) – an Eoraip Dhomhanda;

35. tá sé beagnach 30 bliain ó bunaíodh CnaR, agus ó shin i leith is lú acmhainní airgeadais a tugadh dó ná mar a tugadh do chomhlachtaí Eorpacha eile a bhfuil cúraimí den chineál céanna orthu faoin reachtaíocht phríomhúil ([5]). Mar sin féin, is fearr a d'éirigh leis bearta a chur chun cinn i réimse na reachtóireachta níos fearr agus i réimse an mheasúnaithe tionchair chríochaigh, agus d'éirigh leis an daonlathas Eorpach a neartú a bhuí le hionadaithe tofa áitiúla agus réigiúnacha;

36. ní raibh i mbuiséad institiúideach 2022 an Choiste ach rud ba lú ná 1 % de Cheannteideal 7 ('An Riarachán Poiblí Eorpach') ([6]), ainneoin gurb é atá i gceist le hinfheistíocht a dhéanamh in CnaR tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a chur i gcrích, á chur san áireamh ar ndóigh gur ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach a chuirtear 70 % de reachtaíocht an Aontais chun feidhme agus gurb iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha atá freagrach, ar an meán, as leath den infheistíocht phoiblí, as aon trian den chaiteachas poiblí agus as an gceathrú cuid den ioncam cánach;

37. dá bhrí sin, tá CnaR á chur i bhfáth gur mó leas ba cheart a bhaint as airgead na gcáiníocóirí sa chaibidil sin de CAI a bhaineann leis an riarachán poiblí (Ceannteideal 7) le go mbeidh muinín acu arís as an Aontas agus chun an comhphlé leis na saoránaigh a neartú, go háirithe sa dá thionól pholaitiúla ina bhfuil comhaltaí a toghadh go daonlathach, mar atá Parlaimint na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún. Agus sin á dhéanamh, ba cheart an t-ardleibhéal muiníne atá ag na saoránaigh as a gcuid ionadaithe réigiúnacha agus áitiúla agus na moltaí a tháinig as an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa ([7]) a chur san áireamh;

([4]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Ról chathracha agus réigiúin an Aontais Eorpaigh maidir leis an Úcráin a atógáil (IO C 498, 30.12.2022, lch. 12), mír 3.

([5]) *Neartú an daonlathais san Eoraip: leas iomlán a bhaint as an acmhainneacht atá in aon mhilliún polaiteoir áitiúil agus réigiúnach*, Coiste Eorpach na Réigiún, lch. 6.

([6]) An 154ú seisiún iomlánach de Choiste Eorpach na Réigiún, 15.3.2023 – *Appendix 1, Detailed CoR draft budget 2024*, COR-2023-00005-01-00-NB-REF, lch. 9.

([7]) An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, Tuarascáil Deiridh, Bealtaine 2022, lena n-áirítear an daonlathas ionadaíoch a neartú, ní hamháin le linn na dtoghchán Eorpach, ach roimh na toghcháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla freisin (moladh 38.4), rannpháirtíocht i saincheisteanna an aontais sláinte (moladh 10.2), agus bunú Chomhairlí áitiúla na nÓg (moladh 36.8).

38. is oth le CnaR nach n-áirítear i dtogra comhdhlúite an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh Bhuiséad 2024 faoi cheannteideal 7 de CAI ('An Riarachán Poiblí Eorpach') an meastachán ar bhuiséad 2024 CnaR ar ghlac tromlach mór leis an 15 Márta 2023 (An tionscadal 'Ligean leis an acmhainneacht atá sna húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ionas go bhféadfar an tAontas Eorpach a neartú'), go háirithe má chuirtear san áireamh an comhtheagmhas eisceachtúil go mbeidh na toghcháin Eorpacha ann in 2024, go bhfuil dul chun cinn déanta a bhuí leis na torthaí a bhí ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus gur iomaí rud a foghlaimíodh ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach le linn na ngéarchéimeanna éagsúla toisc an leibhéal sin a bheith i mbrollach an chatha anois thar mar a bhí riamh;

CAI d'fhonn an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn

39. ba cheart an creat airgeadais ilbhliantúil foriomlán a chur ar aon luí le cuspóirí Airteagal 174 CFAE agus, ar an iomlán, ba cheart é a bheith ag cur leis an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach trí leithdháileadh cothrom na n-acmhainní. Nuair a bheidh an obair sin á déanamh, ní mór a áirithiú freisin go mbeidh cothrom na rochtana ag na bardais bheaga ar mhaoiniú, go háirithe trí nósanna imeachta iarratais cuíchóirithe agus trí thacaíocht spriocdhírithe ón Aontas Eorpach;

40. meabhraíonn CnaR nach féidir cuspóirí an bheartais comhtháthaithe a bhaint amach mura bhfuil na hacmhainní ar fáil chun infheistíocht fhadtéarmach a dhéanamh. Tá sé cruthaithe gur uirlis úsáideach é an beartas comhtháthaithe le dul i ngleic ar an toirt le géarchéimeanna a bhí ann le déanaí, a bhuí le solúbthacht agus éifeachtacht phrionsabal na comhpháirtíochta agus an rialachais il-leibhéil, i measc rudaí eile, agus leis an éiceachóras speisialaithe de bhainisteoirí cistí Eorpacha atá ann ar an leibhéal áitiúil. Mar sin féin, cé go bhfuil gá le roinnt solúbthachta, níor cheart na cistí a úsáid mar fhreagairt dhíreach ar ghéarchéimeanna, rud a bhí á dhéanamh le míonna agus le blianta beaga anuas. Tá gá le mír bhuiséid atá slán in aghaidh géarchéimeanna agus i bhfad na haimsire le go bhféadfaidh na húdaráis riaracháin agus tairbhithe na gcistí infheistíochtaí intuartha fadtéarmacha a dhéanamh;

41. tá CnaR á chur i bhfáth gur ní ríthábhachtach é go mbeadh an t-imchlúdach náisiúnta i réimse an chomhtháthaithe ar fáil a thúisce is féidir ag na Ballstáit uile, i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla, le nach gcuirfear bac ar an gcur chun feidhme agus le go mbeidh cothroime iomaíochta ann do thairbhithe uile na gcistí;

42. ba cheart lánurraim a thabhairt i gcónaí do phrionsabal na comhpháirtíochta le linn do na cistí uile a bheith á ndáileadh. Is féidir an tairbhe is mó a bhaint as na cistí má tá na comhpháirtithe ábhartha páirteach san obair leis na dúshláin a aithint ar an leibhéal áitiúil. Chun rannpháirtíocht iomlán a áirithiú, chun cur leis an deimhneacht dhlíthiúil atá ag na húdaráis riaracháin, sin agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach athbhreithniú a dhéanamh a luaithe is féidir ar an gcód iompair Eorpach i ndáil le comhpháirtíocht faoi chuimsiú Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa ([8]);

43. tá CnaR den tuairim gur éirigh go maith leis an gcóras bainistíochta comhroinnte i gcás na gCistí Struchtúracha agus gur cheart cloí leis an gcóras sin sna blianta atá romhainn. Aon chiste nua a chruthófar, maille leis na cistí atá ann cheana, ba cheart é a bheith ag teacht leis an gcóras sin agus ba cheart iad a dháileadh de réir chóras na bainistíochta díláraithe más féidir;

44. is ábhar díomá do CnaR, ina leith sin, nach cuid fhoirmiúil den bhuiséad na cistí le haghaidh an téarnaimh tar éis na paindéime (NextGenerationEU), struchtúr a fhágann nach furasta na hacmhainní a úsáid go comhsheasmhach. Na cistí uile atá ann agus a bheidh ann, ba cheart iad a chomhtháthú go hiomlán sa bhuiséad;

45. ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí chun deireadh a chur leis na héagothromaíochtaí ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach san Eoraip, éagothromaíochtaí ar measaide iad na géarchéimeanna éagsúla atá ann;

46. tá CnaR á chur i bhfáth go bhfuil claochlú struchtúrach domhain ag tarlú ina lán réigiún a bhfuil bonn tionsclaíoch láidir fúthu. Dá bhrí sin, tá sé ag iarraidh go mbeadh cuid de na beartais a bheidh ann i réimsí na hinfheistíochta agus an chomhtháthaithe dírithe ar an gclaochlú agus ar thacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do na réigiúin lena mbaineann le go bhféadfaidh siad an t-aistriú glas, an t-aistriú sóisialta, an t-athrú déimeagrafach agus an t-aistriú digiteach a eagrú, agus urraim á tabhairt don phrionsabal 'gan dochar a dhéanamh don chomhtháthú', is é sin 'nár cheart d'aon ghníomh cur isteach ar an bpróiseas cóineasaithe ná cur le héagothromaíochtaí réigiúnacha';

47. i ndáil leis sin, ach a mbeidh an ciste um aistriú á leagan amach agus á chur chun feidhme, ní hiad na limistéir sin inar líonmhaire na dúshláin, agus iadsan amháin, ba cheart a chur san áireamh, ach ba cheart na limistéir a bhfuil tús curtha acu cheana féin, ar leibhéal éigin, le próiseas an aistrithe a chur san áireamh freisin. Chomh maith leis sin, mura bhfuil na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach mar is ceart sa phróiseas sin, tá baol ann go ndéanfar na cistí a leithdháileadh go héagothrom, gan tús áite a thabhairt do leibhéal NUTS 3;

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 240/2014 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2014 maidir leis an gcód iompair Eorpach i ndáil le comhpháirtíocht faoi chuimsiú Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (IO L 74, 14.3.2014, lch. 1).

48. iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach acmhainní buiséadacha a chur ar fáil le haghaidh aistriú cóir réigiúin an tionscail gluaisteán, nuair a bheidh an chéad leagan eile de CAI á chur le chéile, is é sin in 2028 ar a dhéanaí, cé gurbh fhearr é a dhéanamh roimhe sin, más féidir, tráth an athbhreithnithe meántéarma ar an leagan reatha de CAI. Is gá a áirithiú, agus na cistí sin á n-úsáid, go mbeidh solúbthacht áirithe ag na réigiúin, toisc go bhfuil éagsúlachtaí móra ó réigiún go chéile maidir leis na dúshláin atá le sárú acu;

CAI d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ann

49. iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ab fhearr le leas a bhaint as na cistí atá ann. Ba cheart go bhfágfadh na ceanglais ar an leibhéal Eorpach nach é buiséad an Aontais Eorpaigh, agus é sin amháin, ach na buiséid áitiúla agus réigiúnacha freisin, is féidir a úsáid go rí-éifeachtúil agus nach gcuirfidh maorlathas gan ghá bac ar úsáid acmhainní;

50. tá CnaR den tuairim gur cheart an reachtaíocht Eorpach agus cur chun feidhme na reachtaíochta sin sna Ballstáit, agus prionsabail na coimhdeachta agus an fhéinrialtais áitiúil á gcur san áireamh ina n-iomláine, rogha leathan a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, nuair is féidir, le go bhféadfaidh siad cur chuige praiticiúil atá in oiriúint dá gceantar féin a áirithiú;

51. meabhraíonn CnaR, thairis sin, go mbíonn an-chuid rialála i gceist leis an reachtaíocht sin agus go mbíonn na forálacha dlí an-chasta, go háirithe sa dlí maidir leis an státchabhair agus an soláthar poiblí. Tá líon mór údarás áitiúil agus réigiúnach ann nach bhfuil in acmhainn a thuilleadh an measúnú iomlán dlíthiúil agus teicniúil a dhéanamh iad féin ar na tionscadail, agus bíonn orthu comhairle dlí agus theicniúil a lorg ó thríú páirtithe. Na hacmhainní atá curtha in áirithe chun na críche sin, ní féidir iad a úsáid le haghaidh infheistíochtaí, rud a laghdaíonn go mór an acmhainn infheistíochta atá sna húdaráis áitiúla agus réigiúnacha. Iarrann CnaR ar an údarás buiséadach a áirithiú go mbeidh bearta ann maidir le simpliú, agus leagann sé béim ar an ngá atá ann an rórialáil a sheachaint. Tá sé ag iarraidh freisin go gcuirfí maoiniú ar fáil chun cur leis na hacmhainní riaracháin ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach;

52. meabhraíonn CnaR freisin, ina leith sin, go bhfágann na nósanna imeachta fadálacha i réimse an tsoláthair go mbíonn sé i bhfad níos deacra tionscadail a chur chun feidhme de réir na dteorainneacha ama a bhíonn socraithe le haghaidh an tionscadail féin nó le haghaidh mhaoiniú an tionscadail;

53. d'fhonn cur le hiomaíochas an Aontais agus na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, ba cheart na rialacha Eorpacha maidir leis an státchabhair a oiriúnú le go mbeidh cothroime iomaíochta ann le haghaidh na hinfheistíochta i dteicneolaíochtaí na todhchaí agus le haghaidh tháirgeadh na dteicneolaíochtaí sin sna réigiúin uile;

54. tá CnaR den tuairim gur cheart tuilleadh féidearthachtaí a fhiosrú le go bhféadfar na hiarratais agus an riaracháin a shimpliú i gcás Rialacháin na gCistí Struchtúracha. Molann sé don Choimisiún agus do na Ballstáit na hualaí riaracháin a shainaithint, agus saintréithe, difríochtaí agus cuspóirí na réigiún á gcur san áireamh agus an chabhair á sainiú. Mar shampla, ba cheart feabhas a chur ar chomhsheasmhacht na gcistí éagsúla ar an leibhéal Eorpach agus ar an gcaoi a mbíonn siad ag idirghníomhú leis na cistí náisiúnta agus réigiúnacha. Is mian le CnaR béim a leagan freisin ar na cásanna ar leith atá sna réigiúin is forimeallaí, sna limistéir thuaithe agus sna limistéir atá faoi mhíbhuntáiste de dheasca gnéithe aiceanta agus/nó a bhfuil dúshláin dhéimeagrafacha i gceist iontu, agus tá sé ag iarraidh go dtabharfaí díolúine ó oibleagáidí áirithe nach féidir a chomhlíonadh go héifeachtach, i bhformhór na gcásanna, ach amháin má tá buiséad, trealamh agus daonra mór ag na tairbhithe. Ina theannta sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le húsáid sholúbtha na gcistí go fadtéarmach, mar a tharla nuair a tugadh aghaidh ar phaindéim COVID-19. Dá thoradh sin, d'fhéadfaí an t-ualach riaracháin a laghdú agus d'fhéadfaí, freisin, de thoradh an tsimplithe, an saol a éascú do na húdaráis áitiúla bheaga agus do ghnólachtaí beaga chomh maith;

55. tá CnaR den tuairim go bhféadfadh ciste le haghaidh ceannasacht Eorpach, mar fhreagairt ar an *Inflation Reduction Act* sna Stáit Aontaithe, tacaíocht i bhfoirm ráthaíochtaí, fearacht Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS), a chur ar fáil do chuideachtaí na hEorpa, trí na hacmhainní buiséadacha a threisiú, ach gur fearr an chothromaíocht gheografach a bheadh ann le go bhféadfaí na limistéir bheagfhorbartha a chur san áireamh go cothrom agus go solúbtha.

An Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2023.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún

Vasco ALVES CORDEIRO

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Deireadh a chur leis an dífhostaíocht fhadtéarmach: an dearcadh áitiúil agus réigiúnach

(2023/C 257/04)

Rapóirtéir: Yonnec POLET (BE/PES), Céad-Leasmhéara Berchem-Sainte-Agathe

MOLTAÍ BEARTAIS

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

Barúlacha tosaigh

1. á mheabhrú gur chuir an tAontas roimhe go n-oibreodh sé 'ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe na hEorpa, arna fothú ar an bhfás eacnamaíoch cothromúil agus ar chobhsaíocht praghsanna, ar gheilleagar sóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar agus arb é is aidhm dó an lánfhostaíocht agus an dul chun cinn sóisialta' ([1]).

2. Tá sé á chur chun suntais ag CnaR i dtaca leis an dífhostaíocht fhadtéarmach (rud a shainmhínigh Eurostat mar leanas: líon na ndaoine atá dífhostaithe agus a bhfuil fostaíocht á lorg acu ar bhonn gníomhach le bliain anuas ar a laghad) ([2]) gur dúshlán fós í don Aontas a choisceann air an cuspóir sin a bhaint amach. In 2021, bhí 2,8 % den daonra gníomhach san Eoraip dífhostaithe le bliain nó os a chionn sin, mar atá beagnach 6 mhilliún duine ([3]).

3. Tá béim á leagan ag CnaR air go raibh an dífhostaíocht fhadtéarmach ag goilleadh ar 3,5 % den phobal a bhí idir 15 agus 29 mbliana d'aois ([4]) an bhliain chéanna sin, líon atá cothrom le 2,5 milliún duine óg san Eoraip.

4. Tá sé á chur i bhfios ag CnaR go bhfuil an ceathrú cuid, nach mór, de na daoine idir 15 agus 64 bliana d'aois san Eoraip neamhghníomhach ([5]), ar a n-áirítear daoine dífhostaithe atá éirithe as obair a lorg toisc an lug ar an lag acu agus nach gcuirtear san áireamh a thuilleadh sna staitisticí fostaíochta.

5. Tugann CnaR dá aire i dtaca le ráta ard dífhostaíochta fadtéarmaí gur comhartha é sin nach bhfuil margadh an tsaothair ag feidhmiú mar is ceart, rud a fhágann gan leas á bhaint as acmhainní daonna agus scileanna na ndaoine dífhostaithe, gan ranníocaíochtaí slándála sóisialta á ndéanamh acu leis an stát agus gan oiread céanna gníomhaíochta eacnamaíche ar bun ach chomh beag.

6. Tá béim á cur ag CnaR ar iarmhairtí na dífhostaíochta fadtéarmaí don tsochaí; rud eile, dá fhad a bhíonn duine dífhostaithe is ea is deacra dó dul isteach ar mhargadh an tsaothair athuair.

7. Tá sé á chur i bhfios aige go gcuirtear costas ard ar an tsochaí de thoradh na dífhostaíochta fadtéarmaí agus athdhearbhaíonn sé ([6]) a thábhachtaí atá sé cur in éadan na dífhostaíochta fadtéarmaí d'fhonn an comhtháthú sóisialta a áirithiú agus d'fhonn a chinntiú nach bhfágfar cuid den phobal in áit na leathphingine.

8. Tá sé á mheabhrú ag CnaR go luaitear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil 'an ceart ag cách ar chúnamh tráthúil saincheaptha chun deiseanna ionchasacha fostaíochta nó féinfhostaíochta a fheabhsú' agus go bhfuil 'an ceart ag daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach measúnú pearsanta mionsonraithe a fháil faoi cheann 18 mí ar a mhéad ó bheith dífhostaithe' ([7]).

([1]) Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
([2]) Moladh ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair (IO C 67, 20.2.2016, lch. 1).
([3]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/une_ltu_a/default/table?lang=en
([4]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/yth_empl_130/default/table?lang=en
([5]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/LFSA_IPGA/default/table
([6]) *Daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair* (níl leagan Gaeilge ann) (IO C 120, 5.4.2016, lch. 27).
([7]) https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/economy-works-people/jobs-growth-and-investment/european-pillar-social-rights/european-pillar-social-rights-20-principles_ga.

9. Tá sé á mheabhrú aige freisin go leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta cuspóirí soiléire maidir le fostaíocht agus laghdú na bochtaineachta agus go n-athdhearbhaítear na cuspóirí sin i ndearbhú Porto ([8]). Tá sé á chur chun suntais aige san am céanna gur gá aghaidh a thabhairt ar na rioscaí eisiaimh do ghrúpaí sóisialta atá an-leochaileach, go háirithe daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.

10. Tá sé á chur i bhfios ag CnaR go gcuirfear le hionchais fostaíochta lucht cuardaithe poist ach iad a ullmhú ar bhealach ní b'fhearr faoi choinne éilimh mhargadh an tsaothair. Is díol sásaimh dó iarrachtaí an Choimisiúin Eorpaigh feabhas a chur ar na féidearthachtaí atá ann maidir le scileanna gairmiúla a shealbhú agus a thabhairt chun dáta ar bhonn leanúnach, ina measc an togra uaidh inar moladh 2023 a ainmniú mar Bhliain Eorpach na Scileanna.

11. Is oth le CnaR, áfach, nach ann do thionscnamh ar bith arb é is aidhm dó cur i gcoinne na dífhostaíochta fadtéarmaí amach ón Moladh ón gComhairle ([9]) ina leith a d'eisigh sí in 2016, siúd is gur fadhb í seo is gá do na Ballstáit uile a réiteach.

12. Tá sé á chur chun suntais ag CnaR, i gcás na ndaoine is sia ó mhargadh an tsaothair, ar a n-áirítear daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, gur rómhinic fós nach féidir leo rochtain réidh a fháil ar oiliúint agus, an uair sin féin, nach leor an oiliúint chéanna lena chur ar a gcumas filleadh ar an obair.

13. Tá béim á leagan athuair ag CnaR air gur deacair an ní, i gcás ina n-éiríonn an t-éileamh ar shaothar marbhánta (cibé acu in earnáil ghairmiúil nó go háitiúil é sin), do dhuine dífhostaithe filleadh ar an obair, fiú agus clár oiliúna aonair críochnaithe aige ([10]).

14. Tá sé á chur chun suntais ag CnaR gur gá réiteach ar a gcruachás fostaíochta a chur ar fáil do chách, ar a n-áirítear daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.

An cur chuige 'lena gcuirfí deireadh leis an dífhostaíocht fhadtéarmach': nuáil áitiúil ar mhaithe le filleadh ar an obair

15. Tugann CnaR dá aire gur mó an costas a leanann an dífhostaíocht ná a gcaitear ar phoist bhreise a chruthú.

16. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR gur de chineál nuálach roinnt bheag turgnamh atá dírithe ar 'limistéir gan dífhostaíocht fhadtéarmach iontu' a chruthú agus gur dlúthchuid díobh an geilleagar sóisialta agus dlúthpháirtíochta. Tugann sé dá aire go ndéantar, leis na tionscnaimh sin go léir, costais na dífhostaíochta fadtéarmaí a atreorú i dtreo gur féidir poist mhaithe úsáideacha a chruthú do na limistéir inar ceapadh iad.

17. Tá sé á chur in iúl ag CnaR gur cuireadh tionscnaimh den chineál sin i bhfeidhm i gceithre cinn de Bhallstáit an Aontais ar a laghad: sa Fhrainc in 2016, sa Bheilg in 2022, agus faoin ainm 'ráthaíocht fostaíochta' in Gramatneusiedl na hOstaire agus faoin ainm 'Basisbaan' in Groningen na hÍsiltíre in 2020.

18. Tugann CnaR dá aire go bhfuil na tionscnaimh sin bunaithe den chuid is mó ar phrionsabail choiteanna mar atá:

a. gur féidir fostaíocht a chur ar fáil don uile dhuine má chuirtear na deiseanna fostaíochta in oiriúint do chumais agus do scileanna na ndaoine; gur cheart a admháil gur ann do phoist nach gcuirtear ar fáil ar mhargadh an tsaothair agus do ghníomhaíochtaí agus seirbhísí nach soláthraíonn an earnáil phríobháideach ná an earnáil phoiblí;

b. gur ar bhonn deonach a ghlacfaidh daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach páirt ann, rud a fhágann, murab ionann agus obair éigeantach nó tacaíocht choinníollach, gur féidir leo freagracht dháiríre a ghlacadh chucu féin ina leith; go gcuirfear na scéimeanna ar fáil freisin dóibh sin nach bhfuil cláraithe a thuilleadh leis na seirbhísí poiblí fostaíochta;

c. go gcruthófar poist ardcháilíochta de bhun na scileanna atá ag lucht cuardaithe poist agus de bhun a gcásanna aonair, go háirithe ó thaobh dálaí sláinte nó teaghlaigh de;

d. go dtabharfar, i dtaca le luach saothair, an pá íosta ar a laghad do na rannpháirtithe, gur féidir leo a rogha uaireanta oibre a thoghadh agus go dtabharfar conarthaí buana dóibh;

e. go gcuirfear seirbhís ar fáil a rachaidh chun tairbhe don cheantar ar fad gan iomaíocht a chruthú le gnólachtaí atá ann cheana;

f. go rachfar ar iontaoibh cur chuige rannpháirteach cuimsitheach, arna thionscnamh ar an leibhéal áitiúil i gcomhar leis an bpobal agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile.

([8]) https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2021/05/08/the-porto-declaration/.

([9]) Moladh ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair (IO C 67, 20.2.2016, lch. 1).

([10]) *Daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair* (níl leagan Gaeilge ann) (IO C 120, 5.4.2016, lch. 27).

19. Tá sé á chur in iúl ag CnaR go dtagann na tionscnaimh sin faoi na ceithre réimse gníomhaíochta a tugadh chun suntais i Moladh 2016 ón gComhairle maidir leis an dífhostaíocht fhadtéarmach, mar atá: daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a shlógadh ar shlí níos fearr, cur chuige aonair, tuilleadh comhair a dhéanamh le geallsealbhóirí fostaíochta áitiúla agus comhpháirtíocht le fostóirí áitiúla agus pobail áitiúla; tá sé á chur i bhfáth aige, ar a mhuin sin, go moltar i Moladh 2023 ón gComhairle ([11]) maidir le hioncam íosta leordhóthanach tacú le deiseanna oibre in earnáil an gheilleagair shóisialta, chomh maith le tacaíocht aonair a chur ar fáil.

20. Tá sé á thabhairt dá aire ag CnaR go gcuireann na poist a chruthaítear i 'limistéir gan dífhostaíocht fhadtéarmach iontu' nó faoi chuimsiú na dtionscnamh 'ráthaíocht poist' agus 'Basisbaan' le raon na seirbhísí sóisialta, comhshaoil nó tráchtála atá ar fáil agus is inrochtana do dhaoine agus do ghnólachtaí sa cheantar áitiúil, agus nár chuir na húdaráis phoiblí ná gníomhaithe príobháideacha sna limistéir sin na seirbhísí sin ar fáil roimhe sin.

21. Tá sé á chur in iúl ag CnaR go bhfuil poist cruthaithe ag na 'limistéir gan dífhostaíocht fhadtéarmach iontu', agus faoi chuimsiú na dtionscnamh 'ráthaíocht poist' agus 'Basisbaan', i réimsí éagsúla, cuir i gcás garraíodóireacht mhargaidh, athchúrsáil, deisiú rothar, glanadh áitreabh comhlachas, seirbhísí gnó, seirbhísí *concierge,* seachadadh, ollmhargaí sóisialta, seirbhísí cúraim agus gníomhaíochtaí eile an gheilleagair chiorclaigh, agus gur nithe iad sin a chuireann leis an aistriú glas agus le soláthar an chúraim san Aontas Eorpach.

22. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR, sa bhreis ar na tairbhí eacnamaíocha aonair comhchoiteanna a bhaineann le daoine a chur ag obair arís, go gcabhraíonn na tionscnaimh sin le tuilleadh rochtana a thabhairt do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach ar na réimsí seo a leanas: oiliúint, sláinte, ar a n-áirítear meabhairshláinte, deiseanna idirghníomhaíochta, cuimsiú sóisialta agus folláine, agus go neartaíonn siad an comhtháthú sóisialta sna pobail lena mbaineann san am céanna.

23. Tugann CnaR dá aire gur dlúthchuid de na tionscnaimh sin comhairliúchán agus comhordú a dhéanamh le geallsealbhóirí fostaíochta áitiúla, ar a n-áirítear seirbhísí sóisialta cumasúcháin, d'fhonn comhthoil a chothú ar an leibhéal áitiúil agus tá sé á chur chun suntais aige a thábhachtaí atá sé dul i gcomhairle le gníomhaithe eacnamaíocha áitiúla, le seirbhísí cumasúcháin áitiúla agus le comhpháirtithe sóisialta áitiúla, agus na tionscnaimh seo a chruthú i gcomhar leo, lena chinntiú go mbeidh glacadh leo agus rath orthu.

24. Tá béim á leagan ag CnaR air go dtéann an comhchruthú sin chun tairbhe do ghníomhaithe eacnamaíocha áitiúla, cibé acu tairbhe dhíreach dá gcuid gníomhaíochtaí atá i gceist nuair a chuirtear daoine dífhostaithe ag obair i gcuideachtaí, mar shampla faoi scéim 'ráthaíochta fostaíochta' na hOstaire, nó tairbhe indíreach trí bhíthin na seirbhísí agus na gníomhaíochta eacnamaíche a fhorbraítear sa cheantar ina bhfuil siad lonnaithe.

25. Tá sé á chur i bhfáth aige gur chúntach an ní comhordú den sórt sin freisin le beartais ghníomhacha eile maidir le margadh an tsaothair a chur chun feidhme, lena n-áirítear i réimse na hoiliúna, agus le pointí teagmhála aonair do lucht cuardaithe poist a chur ar bun.

An ghné áitiúil agus réigiúnach

26. Tá suntas á thabhairt ag CnaR don ról lárnach atá ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le scéimeanna a chur ar bun chun cur in éadan na dífhostaíochta fadtéarmaí, cuir i gcás na 'limistéir gan dífhostaíocht fhadtéarmach iontu', go háirithe ós rud é go bhfuil faisnéis ag na húdaráis sin faoi mhargadh an tsaothair ina limistéar féin, go soláthraíonn siad seirbhísí cumasúcháin le haghaidh cuimsiú sóisialta agus cuimsiú i margadh an tsaothair, agus go bhfuil naisc acu le gnólachtaí áitiúla agus le comhpháirtithe sóisialta áitiúla. Is sampla eile fós den dea-chleachtas sa réimse seo é Stát Bheirlín, áit ar maoiníodh 1 000 post don tréimhse 2019-2025 do dhaoine a bhí dífhostaithe le seal (idir bliain agus trí bliana) trí bhíthin an tionscadail 'Dlúthioncam Bunúsach' a cuireadh ar bun ann.

27. Tá CnaR ag iarraidh ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha scéimeanna a chur i bhfeidhm bunaithe ar na 'limistéir gan dífhostaíocht fhadtéarmach iontu' agus ar an 'ráthaíocht fostaíochta' trí chostas na dífhostaíochta a atreorú i dtreo poist chuibhiúla a chruthú.

28. Ina theannta sin, tá sé ag iarraidh ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sin a bhfuil tionscnaimh mar iad curtha ar bun acu ról a thabhairt do cheannairí gnó áitiúla agus d'ionadaithe ar na ceardchumainn ag céimeanna éagsúla an tionscadail, go háirithe chun iomaíocht le gníomhaíochtaí atá ann cheana a chosc agus chun a áirithiú go mbeifear de réir na gcomhaontuithe comhchoiteanna atá i bhfeidhm sna hearnálacha lena mbaineann.

29. Is mian le CESE na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a spreagadh le tuairimí a mhalartú agus dea-chleachtais a roinnt maidir le scéimeanna atá dírithe ar an dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac i gcomhar le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha eile ar bhonn náisiúnta agus i mBallstáit eile.

([11]) Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach an 30 Eanáir 2023 (IO C 41, 3.2.2023, lch. 1).

Maoiniú tionscnamh arb é is aidhm dóibh 'deireadh a chur leis an dífhostaíocht fhadtéarmach'

30. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR a thábhachtaí atá sé caiteachas éighníomhach a ghníomhachtú i dtreo go mbeidh rath ar thionscnaimh atá dírithe ar 'dheireadh a chur leis an dífhostaíocht fhadtéarmach' agus tugann sé dá aire go bhfágann sin gur féidir na costais a bhaineann le cruthú post breise a mhaolú a bhuí sin leis an gcoigilteas a dhéanfar ó thaobh sochair dhífhostaíochta, sochair shóisialta agus costais cúraim sláinte arna n-íoc ag institiúidí slándála sóisialta de.

31. Tugann CnaR dá aire gur cruthaíodh ciste *ad hoc* sa Fhrainc in 2016 chun an caiteachas sin a ghníomhachtú faoin dlí maidir le tástáil chríochach arb é is aidhm dó an dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú ([12]), chun gur féidir acmhainní náisiúnta a leithdháileadh ar dhóigh a chruthóidh fostaíocht ar an leibhéal áitiúil.

32. Tá sé á chur i bhfios ag CnaR, i gcás nach ann do shásra chun caiteachas éighníomhach a ghníomhachtú sna Ballstáit i gceist, gur ar thacaíocht airgeadais ó CSE+ a bhítear ag brath, mar shampla is amhlaidh sin do 'Basisbaan' san Ísiltír agus do na limistéir sa Vallúin atá 'gan dífhostaíocht fhadtéarmach iontu'.

Maoiniú ó na Ballstáit

33. Tá sé á thabhairt chun suntais ag CnaR a thábhachtaí atá an dlúthchomhar idir na geallsealbhóirí áitiúla fostaíochta agus na comhlachtaí slándála sóisialta réigiúnacha agus/nó náisiúnta agus na seirbhísí sóisialta áitiúla.

34. Tá sé ag iarraidh ar na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun an caiteachas éighníomhach a bhaineann leis an dífhostaíocht fhadtéarmach a ghníomhachtú.

35. Tá CnaR ag iarraidh ar na Ballstáit, ina theannta sin, na struchtúir is gá a chur i bhfeidhm chun gur féidir an caiteachas éighníomhach sin a bhaineann le dífhostaíocht fhadtéarmach a ghníomhachtú i gceart agus chun a chinntiú gur féidir leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha tairbhiú ar a seal de na coigiltis a dhéanfar ó thaobh sochar de ós orthu sin a thiteann costais na dtionscnamh a chuirtear i bhfeidhm chun an dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac.

36. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR, i gcás nach ann do shásra chun caiteachas éighníomhach a bhaineann leis an dífhostaíocht fhadtéarmach a ghníomhachtú, gur cuidiú é an maoiniú nó cómhaoiniú arna sholáthar ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach do na húdaráis is mó atá i dtreis chun tionscnaimh a chur ar bun d'fhonn an dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac trí mhaolú a dhéanamh ar an ualach airgeadais atá orthu.

Comhordú a dhéanamh ar thionscnaimh atá dírithe ar an dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac

37. Tá sé á thabhairt le fios ag CnaR gur iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún in 2016 tacú le tionscadail nuálaíochta sóisialta atá dírithe ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair ([13]).

38. Is díol sásaimh do CnaR rún an Choimisiúin Eorpaigh ([14]) cur lena bhfuil de thacaíocht tugtha aige cheana d'fhonn tuilleadh tionscnaimh i réimse an gheilleagair shóisialta a chur i bhfeidhm mar is ceart sna Ballstáit uile.

39. Tá aird á tarraingt ag CnaR ar an rath atá ar an Ráthaíocht don Aos Óg, go háirithe ar an gcur chuige aonair i leith lucht cuardaithe poist, ar cur chuige é sin atá i bhfeidhm sna 'limistéir gan dífhostaíocht fhadtéarmach iontu' agus mar chuid den 'ráthaíocht fostaíochta'.

40. Tá CnaR ag leagan béim air gur féidir, a bhuí leis an Ráthaíocht don Aos Óg ós aidhm di díriú ar réiteach saincheaptha a chur ar fáil go córasach do gach duine óg, sásraí agus modheolaíochtaí a chur i bhfeidhm atá riachtanach chun tionscnaimh ar aon dul leis na 'limistéir gan dífhostaíocht fhadtéarmach iontu' agus leis an 'ráthaíocht fostaíochta' a chur chun feidhme i gcuid mhaith de na Ballstáit.

41. Tá CnaR ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach na tionscnaimh sin a mhapáil, lena n-áirítear trí earraíocht a bhaint as Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta.

42. Molann sé don Choimisiún Eorpach treoirlínte a mholadh maidir le tionscnaimh den sórt sin a chur chun feidhme i mBallstáit eile de chuid an Aontais, ar bhonn na bprionsabal atá liostaithe i mír 17.

43. Gabhann CnaR air féin na tionscnaimh sin a áireamh ar ardán digiteach dea-chleachtas Choiste na Réigiún.

Rochtain ar mhaoiniú ón Aontas Eorpach

44. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR go bhfuil ról ag CSE+ mar fhoinse maoinithe tionscadal atá dírithe ar 'dheireadh a chur leis an dífhostaíocht fhadtéarmach', maoiniú atá de dhíth ar na húdaráis áitiúla sin nach bhfuil ag tairbhiú go fóill de ghníomhachtú caiteachais éighníomhaigh a bhaineann leis an dífhostaíocht fhadtéarmach nó nach bhfuil tacaíocht láidir á fáil acu ó na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha.

([12]) Acht Uimh. 2016-231 an 29 Feabhra 2016 maidir le tástáil chríochach atá dírithe ar an dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú.

([13]) Moladh ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair (IO C 67, 20.2.2016, lch. 1).

([14]) COM(2021) 778 final.

45. Chun gur féidir na deacrachtaí sin a shárú, tá CnaR ag iarraidh go gcuirfí sciar de chistí CSE+ i leataobh do thionscnaimh áitiúla atá dírithe ar 'dheireadh a chur leis an dífhostaíocht fhadtéarmach', go háirithe i bhfoirm tacaíocht airgeadais d'fhonn tionscadail a thosú agus a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil.

46. Tá CnaR ag tathant ar an gCoimisiún, sa mholadh ón gComhairle maidir le dálaí creata a fhorbairt don gheilleagar sóisialta a fógraíodh do 2023, a mholadh go n-éascófaí rochtain ar mhaoiniú AE d'fhiontair shóisialta agus d'fhiontair atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht a bhfuil baint acu leis an gcomhrac i gcoinne na dífhostaíochta fadtéarmaí, lena n-áirítear maoiniú don infheistíocht shóisialta agus do scileanna faoi chuimsiú an chiste InvestEU, chun gur féidir cur chun feidhme tionscadal atá dírithe ar 'dheireadh a chur leis an dífhostaíocht fhadtéarmach' a éascú.

47. Tá sé á chur i bhfios ag CnaR gur le cuidiú an Tionscnaimh Eorpaigh um Fhostaíocht don Aos Óg a bunaíodh in 2013, mar aon le tacaíocht shuntasach airgeadais (lán EUR 8,9 billiún di) a cuireadh ar fáil idir 2014 agus 2020, ab fhéidir an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme go rathúil agus gur lena chuidiú sin ab acmhainn do bhreis is 24 mhilliún duine óg obair a fháil nó tabhairt faoi chúrsa oiliúna, faoi phrintíseacht nó faoi intéirneacht.

48. Tá CnaR ag athdhearbhú an mholta a rinne sé sa tuairim uaidh *Daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair* ([15]), arna dréachtú ag Enrico Rossi, gur chóir dul i ngleic leis an dífhostaíocht fhadtéarmach ar bhealach ní b'éifeachtaí trí thionscnaimh urghnácha, cuir i gcás ciste *ad hoc* a chruthú chun an dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac;

49. Tá CnaR ag iarraidh ar an gCoimisiún an ciste *ad hoc* sin a chur ar bun chun an dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac, ar ciste é a bheadh bunaithe ar an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg, agus maoiniú EUR 750 milliún ar a laghad a chur ar fáil ina chomhair ar feadh cúig bliana i dtreo gur féidir treoirthionscadail nua a sheoladh. Is treoirthionscadail iad seo ar spreagadh dóibh na 'limistéir gan dífhostaíocht fhadtéarmach iontu' agus an 'ráthaíocht poist' sna réigiúin sin is mó atá buailte ag an dífhostaíocht fhadtéarmach i ngach Ballstát de chuid an Aontais.

An Bhruiséil, an 25 Bealtaine 2023.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún

Vasco ALVES CORDEIRO

([15]) Tuairim ó CnaR Daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair (níl leagan Gaeilge ann) (IO C 120, 5.4.2016, lch. 27).

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Creat reachtach maidir le córais bhia inbhuanaithe

(2023/C 257/05)

Rapóirtéir: Joke SCHAUVLIEGE (BE/PPE), Leas-Uachtarán ar Pharlaimint Fhlóndras

MOLTAÍ BEARTAIS

Barúlacha tosaigh

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR),

1. á chur in iúl gur díol sásaimh dó rún an Choimisiúin Eorpaigh creat reachtach maidir le córais bhia inbhuanaithe a chur ar aghaidh, mar a leagtar amach i gclár oibre 2023 an Choimisiúin Eorpaigh;

2. á chur i dtábhacht nach mór do chóras bia inbhuanaithe slándáil bia agus cothú do chách a sholáthar ar bhealach nach gcuirfear i mbaol an bonn eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a bheidh de dhíth chun slándáil bia agus cothú a áirithiú do na glúine atá le teacht ([1]). Ba cheart rannchuidiú le gach gné den inbhuanaitheacht comhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch leis freisin;

3. á chur i bhfáth go n-áirítear leis an gcóras bia 'na gnéithe agus na gníomhaíochtaí uile a bhaineann le bia a tháirgeadh agus a ithe, agus na tionchair a bhíonn acu, lena n-áirítear na torthaí eacnamaíocha, sláinte agus comhshaoil' ([2]) ón bhfeirm go dtí an forc, lena n-áirítear an táirgeadh príomhúil, an phróiseáil, an miondíol agus an lónadóireacht, anuas ar na táirgeoirí agus na tomhaltóirí, ar a ndírítear den chuid is mó cheana féin leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair; agus gné shóisialta agus chultúrtha an bhia agus an gá atá le haistí bia traidisiúnta a urramú á gcur san áireamh san am céanna;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach a áirithiú go bhfuil na beartais chothrománacha agus earnálacha atá nasctha le bia agus le córais bhia i gcomhréir leis na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar síos sa chreat reachtach maidir le córais bhia inbhuanaithe a bheidh ann sa todhchaí, sa straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc', sa straitéis bhithéagsúlachta agus i gcuspóirí maidir le truailliú nialasach, agus meastóireacht chuí agus faireachán tráthrialta i bhfeidhm ina leith;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún foráil a dhéanamh maidir le measúnú cuí ar thionchar an chreata reachtaigh a bheidh ann amach anseo ar chórais bhia na hEorpa agus ar tháirgeadh bia na hEorpa, agus ar thorthaí an chreata sin trí bhíthin faireachán rialta; á iarraidh ar an gCoimisiún, freisin, úsáid reachtaíochta tarmligthe agus cur chun feidhme a theorannú a mhéid is féidir do ghnéithe cinntitheacha agus do ghnéithe a bhfuil tionchar acu ar chórais táirgthe Eorpacha, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus an chomhair dhílis, dá bhforáiltear sna Conarthaí;

6. á iarraidh, i ndáil leis an méid sin, go ndéanfar foráil sa rialachán a bheidh ann amach anseo go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach meastóireacht agus go ndéanfar athbhreithniú, faoi 2030, ar na beartais chothrománacha agus earnálacha uile atá nasctha le bia agus le córais bhia chun a áirithiú go mbeidh siad comhsheasmhach le cuspóirí agus spriocanna an rialacháin maidir le córais bhia inbhuanaithe a chur ar aghaidh a bheidh ann amach anseo agus go dtacóidh siad leo;

7. á áitiú, go háirithe, gur cheart rialacháin an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) a thabhairt i gcomhréir leis an rialachán nua sin i dtaca leis an gcreat reachtach maidir le córais bhia inbhuanaithe nuair a dhéanfar athbhreithniú orthu tar éis 2027;

8. á chur i dtábhacht a thoilteanaí atá saoránaigh an Aontais bogadh i dtreo táirgeadh bia atá sábháilte, inbhuanaithe, cóir agus freagrach i dtaca leis an aeráid agus acmhainní, táirgeadh bia lena soláthraítear cainníochtaí agus cáilíocht ráthaithe do chách ar phraghsanna inacmhainne, lena n-urramaítear prionsabail na hinbhuanaitheachta agus an comhshaol, lena gcosnaítear an bhithéagsúlacht agus na héiceachórais, agus an tslándáil bia á háirithiú san am céanna, mar a luadh sa Tuarascáil Deiridh ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa;

9. á iarraidh go sainaithneofar na príomhchúiseanna as a dtagann nochtadh na saoránach agus an chomhshaoil agus éilliú uisce dromchla agus screamhuisce, chomh maith le truailliú aeir agus ithreach;

([1]) Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, 2014.
([2]) Córais bhia — ECFE.

10. á iarraidh ar na húdaráis áitiúla, réigiúnacha agus údaráis phoiblí eile, faoi chuimsiú rialacha soláthair phoiblí an Aontais agus na treorach ón gCoimisiún Eorpach maidir le soláthar poiblí glas agus inbhuanaithe, a spriocanna féin a leagan síos maidir le soláthar bia sláintiúil, séasúrach, áitiúil agus orgánach atá cothrom ó thaobh cothaithe de sa lónadóireacht phoiblí, mar chuid de straitéisí inbhuanaithe soláthair phoiblí lena dtacaítear le cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe;

11. á thabhairt chun suntais ról straitéiseach na gceantar tuaithe maidir leis an aeráid agus slándáil an tsoláthair bia agus maidir le táirgeadh bia sláintiúil agus éagsúil, ós rud é go gcaomhnaítear ithir talmhaíochta agus a torthúlacht sna ceantair sin. Éascaítear an méid sin trí ghníomhaíochtaí tógála agus saothrú ceantar tuaithe agus tírdhreacha tuaithe ar fud an Aontais a bheith ann ag an am céanna, toisc go gcruthaíonn siad poist san fheirmeoireacht, i dtionscail agraibhia agus in earnálacha gaolmhara. Tá ról tábhachtach ag réigiúin agus cathracha maidir le ceantair thuaithe agus tírdhreacha tuaithe a chothabháil, ar cheart iad a chur san áireamh sa togra ón gCoimisiún;

12. ag athdhearbhú a iarrata sprioc cheangailteach a leagan síos maidir le cur amú bia a laghdú faoina leath faoi 2030 mar chuid den athbhreithniú ar an Treoir Réime maidir le Dramhaíl ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus ar bhonn na hoibre a rinne Ardán an Aontais Eorpaigh maidir le Caillteanas Bia agus Cur Amú Bia; ag tarraingt aird ar na moltaí a rinne an Painéal Saoránach Eorpach um Chur Amú Bia ([4]);

13. ag cur béim ar an méid a rannchuidíonn bainistiú inbhuanaithe foraoisí agus coillearnach eile, chomh maith le córais agrafhoraoiseachta, le táirgeadh bia agus le caomhnú na sláinte ginearálta; á chur chun suntais an méadú atá ag teacht ar an spéis i dtáirgí bia fiáine agus á iarraidh go ndéanfaí úsáid beostoic ar an talamh dá dtagraítear thuas a chur chun cinn, chun dóiteáin foraoise a chosc, chun bithéagsúlacht a athbhunú agus chun seirbhísí éiceachórais i limistéir thuaithe a chothabháil agus a mhéadú;

Cur chuige comhchuibhithe uile-Aontais

14. á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le creat cuimsitheach a chur ar bun maidir le córais bhia inbhuanaithe san Aontas chun an inbhuanaitheacht a chur i gcroílár na mbeartas uile a bhaineann le bia agus comhleanúnachas beartais níos fearr a áirithiú san am céanna;

15. á iarraidh go n-úsáidfí cur chuige iomlánaíoch agus cothrom a bhfuil colúin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil mar bhonn taca faoi agus na colúin sin bunaithe ar shainmhínithe soiléire eolaíochta uile-Aontais ar an inbhuanaitheacht, ar na prionsabail agus ar na cuspóirí ginearálta;

16. ag tathant ar údaráis an Aontais, na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a áirithiú go ndéantar an inbhuanaitheacht a phríomhshruthú i ngach beartas a bhaineann le bia. Ba cheart aghaidh a thabhairt sa chreatdlí ar fhreagrachtaí na ngníomhaithe uile sa chóras bia a shoiléiriú trí chomhar il-leibhéil a chur ar bun trí rannpháirtíocht a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal na mBallstát, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Má thagann leathnú ar fhreagrachtaí ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, ba cheart tacaíocht agus treoir a chur ar fáil chomh maith le hacmhainní airgeadais leordhóthanacha chun na gealltanais bhreise a chomhlíonadh;

17. á chur in iúl go bhféadfaidh Ballstáit ina bhfuil na réigiúin is forimeallaí, mar a liostaítear iad in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, riachtanais shonracha na réigiún sin a chur san áireamh a mhéid a bhaineann le táirgí cosanta plandaí a úsáid agus spriocanna náisiúnta laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 á nglacadh acu, mar gheall ar na dálaí aeráide agus barra ar leith sna réigiúin sin. Ní cheadófar spriocanna níos ísle sna réigiúin is forimeallaí mar thoradh air sin;

18. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá nuálaíocht theicneolaíoch chun inbhuaine comhshaoil a bhaint amach agus, san am céanna, inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú agus na leibhéil táirgeachta atá ann faoi láthair a choinneáil;

Rialachas

19. á chur in iúl go bhfuil sé suite de gur príomhghníomhaithe iad na cathracha agus na réigiúin sa réimse seo, go bhfuil ról tábhachtach acu maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis na córais bhia agus gur cheart an ról atá acu a chur san áireamh, agus urraim chuí á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta; gníomhaíocht atá i gcúrsaí bia laistigh d'earnálacha na sláinte agus na scoile, agus laistigh d'eagraíochtaí tiomnaithe riaracháin chomh maith. Tá ról tábhachtach ag na réigiúin agus na cathracha freisin maidir le dea-nósanna sláinte cothroma agus dea-nósanna maireachtála a chur chun cinn i measc grúpaí éagsúla den phobal. Thairis sin, is léir an nasc atá idir bia mar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus forbairt réigiúnach agus pleanáil spásúlachta, agus is freagracht í sin a bhíonn ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha go minic;

([3]) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

([4]) flw_eu-actions_fwrt_20230210_recom-cit_0.pdf (europa.eu).

20. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá an nuálaíocht shóisialta chun freagairt do riachtanais chomhchoiteanna agus chun an inbhuanaitheacht a chothú i gcórais táirgthe agus tomhaltais;

21. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá slabhraí luacha níos giorra lena dtugtar feirmeoirí níos gaire dá dtomhaltóirí trí dhíolacháin dhíreacha lena gcumasófar bia inacmhainne do thomhaltóirí agus, ag an am céanna, lena n-áiritheofar go n-urramófar na táirgeoirí leis an bpraghas, rud a fhágfaidh go mbeidh siad in ann maireachtáil faoi dhínit agus go mbeidh caighdeán maith maireachtála acu;

22. á iarraidh an athuair, dá bhrí sin, go mbunófar ardán il-gheallsealbhóra maidir le córais bhia inbhuanaithe, a mbeidh Coiste Eorpach na Réigiúin agus geallsealbhóirí ábhartha eile agus an tsochaí shibhialta páirteach ann, agus líonra tacaíochta a chruthú ar an mbealach sin lena n-eascófar aistriú chuig córais bhia níos inbhuanaithe le haghaidh réigiúin agus chathracha na hEorpa, agus difríochtaí réigiúnacha agus speisialtóireachtaí agus traidisiúin ceantar á gcur san áireamh freisin;

23. ag tarraingt aird ar an ról atá ag gníomhaithe éagsúla sna córais bhia agus iad ina 'ngníomhairí athraithe' féideartha, idir tháirgeoirí príomhúla, fheirmeoirí agus iascairí, agus chineálacha éagsúla táirgeoirí agus gnólachtaí, monaróirí bia, trádálaithe, miondíoltóirí, gnólachtaí fáilteachais agus seirbhísí bia, gníomhaithe sláinte agus tomhaltóirí;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach sásra a chur ar bun 'lena n-íocfar mar a thruaillítear agus lena bhfaighfear mar a sholáthraítear' [*polluter pays and provider gets*] chun luach saothair a thabhairt do na feirmeoirí sin, nó do tháirgeoirí bia eile, a théann níos faide ná íoscheanglais dhlíthiúla an Aontais agus a thugann tairbhí breise comhshaoil do shochaí an Aontais agus chun dreasachtaí a thabhairt do dhaoine eile inbhuanaitheacht a dtáirgthe a fheabhsú;

Aisti bia sláintiúla agus inbhuanaithe

25. á áitiú gur cheart coincheap na 'timpeallachta bia' a ionchorprú sa chreat reachtach maidir le córais bhia inbhuanaithe chun rochtain ar aistí bia sláintiúla agus inbhuanaithe a éascú, ós rud é gurb iad timpeallachtaí bia míshláintiúla agus neamh-inbhuanaithe is mó is cúis le pátrúin chothaithe easnamhacha;

26. á chur i dtábhacht an ról atá ag cathracha agus réigiúin maidir le timpeallachtaí bia a mhúnlú lena gcuirtear aistí bia inbhuanaithe agus sláintiúla atá inacmhainne agus éasca, agus tacaíocht á tabhairt do tháirgeoirí inbhuanaithe san am céanna; chuige sin, tá sé á thabhairt chun suntais an tábhacht a bhaineann le pleanáil uirbeach chun rochtain ar roghanna bia shláintiúil a éascú; baineann an méid sin go háirithe le comharsanacht scoileanna agus 'fásaigh bhia';

27. á thabhairt chun suntais a bhféadfaí a dhéanamh i dtaca leis an aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe agus cuimsitheach ó thaobh an chothaithe de a éascú le scéim scoile an Aontais chun torthaí, glasraí agus bainne a sholáthar;

28. á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar scéim scoile an Aontais chun torthaí, glasraí agus bainne a sholáthar chun ídiú táirgí a chuidíonn le haistí bia sláintiúla, inbhuanaithe atá níos planda-bhunaithe a fheabhsú, agus an scéim a athcheangal san am céanna leis an talmhaíocht trí ghníomhaíochtaí oideachais ar fheirmeacha inbhuanaithe; ba cheart scrúdú a dhéanamh trí bhíthin an athbhreithnithe sin ar chúinsí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach maidir le sláinte agus aistí bia inbhuanaithe a chur chun cinn;

29. á iarraidh go ndéanfar na treoirlínte cothaithe náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun tacú le haistí bia sláintiúla agus inbhuanaithe agus chun bheith mar bhonn agus mar thaca faoin aistriú chuig córais bhia níos inbhuanaithe;

30. á iarraidh go ndéanfar na feachtais bholscaireachta le haghaidh táirgí agraibhia a ailíniú le cuspóirí na straitéise 'ón bhfeirm go dtí an forc' agus le Plean Sáraithe Ailse an Aontais;

31. á iarraidh gur ar bhia a bhfuil baint aige le haistí bia sláintiúla, inbhuanaithe atá bunaithe níos mó ar phlandaí a chaithfear airgead poiblí den chuid is mó; á chur in iúl gur cheart tacaíocht agus treoir a bheith ag gabháil leis sin do bhardais agus do réigiúin ar mórcheannaitheoirí poiblí iad;

32. á iarraidh go ndéanfar praghsanna bia a chur i gcomhréir le fíorchostas bia sna beartais phraghsála agus go laghdófar praghas coibhneasta na roghanna bia atá níos inbhuanaithe amhail na roghanna bia sin atá bunaithe níos mó ar phlandaí;

33. á iarraidh go mbeadh fóirdheontais AE ann chun tacú le feirmeoirí beaga bia éiceolaíoch a tháirgeadh agus chun luach saothair a thabhairt do na feirmeoirí sin a chuireann cleachtais inbhuanaithe chun feidhme agus a chuireann leas ainmhithe chun cinn;

34. á iarraidh go dtabharfar isteach dreasachtaí airgeadais agus CBL íosta ar bhianna bunúsacha;

35. á chur in iúl gur cúis imní dó go bhféadfaí orgánach géinmhodhnaithe (OGM) a thabhairt isteach arís inár mbia Eorpach leis an togra le haghaidh rialachán Eorpach a bheidh ann amach anseo maidir le plandaí a tháirgtear trí theicnící nua géanómaíocha (NGT). Ba cheart é sin a bheith bunaithe ar mheasúnú stóinseach agus ar fhianaise eolaíoch fhónta ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. I gcás ar bith, ba cheart lipéad a bheith ar aghaidh an phacáiste ar aon táirge bia ina bhfuil OGM le cur in iúl gurb ann do OGM;

Soláthar poiblí bia

36. ag athdhearbhú a iarrata ([5]) go gcuirfear deireadh leis na srianta atá ann cheana laistigh de na rialacha maidir le soláthar poiblí chun critéir inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm. Le reachtaíocht iomaíochta an Aontais, cuirtear toirmeasc ar roghanna críochacha (bianna áitiúla, cuir i gcás) a bheith sonraithe i gconarthaí ceannaigh; á chur i bhfios go bhfuil baol ann faoi láthair go gcuirfí an dlí ar údarás poiblí ar mian leis soláthraithe agus táirgeoirí áitiúla a chur san áireamh agus tacaíocht a thabairt don gheilleagar bia áitiúil, ós rud é go bhféadfadh sé sin a bheith ina shárú ar rialacha an chómhargaidh, sa chás go mbainfeadh sé leas as lúb ar lár atá ann faoi láthair; ba cheart treoir agus oiliúint a bheith ag gabháil leis an soiléiriú do réigiúin agus do bhardais ar mórcheannaitheoirí poiblí iad;

37. á chur i bhfios gur uirlis chumhachtach é soláthar poiblí bia atá inbhuanaithe, sláintiúil, séasúrach agus áitiúil san aistriú chuig córais bhia níos inbhuanaithe i gcomhréir leis na beartais inbhuanaitheachta agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, lena spreagtar úsáid critéar maidir le soláthar poiblí glas (SPG);

38. á chur i bhfáth gur gá aistriú i dtreo bia atá bunaithe níos mó ar phlandaí mar bhonn do chóras bia aeráidneodrach atá níos inbhuanaithe agus níos athléimní; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, na tairbhí sláinte agus cultúrtha a bhaineann le haistí bia traidisiúnta;

39. á chur in iúl gur cúis imní dó tabhairt isteach bianna saotharlainne ar mhargaí na hEorpa, toisc nach ndéanfar cáilíocht, folláine agus cosaint an chultúir agus na dtraidisiún a ráthú; á chur in iúl gur costasach i gcónaí bia a fhástar sa tsaotharlann, rud atá ina bhac suntasach nach mór a shárú;

40. á chur i bhfios go láidir go gcuireann slabhra bia ísealcharbóin ón bhfeirm go dtí an forc le spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, trí nuálaíocht eolaíoch agus theicniúil a thabhairt isteach agus prionsabail na ciorclaíochta á gcur i bhfeidhm san am céanna san fheirmeoireacht;

41. á chur i bhfáth gur gá saineolaithe soláthair náisiúnta agus idirnáisiúnta a thabhairt isteach sa phróiseas chun sainmhíniú a dhéanamh ar na critéir chun tacú leis an gcur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil agus ceannaitheoirí poiblí amhail na húdaráis rialtais, réigiúin agus cathracha, agus úsáid níos straitéisí a chur chun cinn i dtaca le soláthar poiblí;

42. á iarraidh go bhforbrófar treoirlínte praiticiúla d'oifigigh sholáthair maidir leis an mbealach leis an soláthar a úsáid chun spriocanna forbartha inbhuanaithe agus aistí bia sláintiúla, séasúracha, áitiúla agus orgánacha a chur chun cinn; á mholadh go gcothófar agus go dtabharfar tacaíocht airgeadais do líonraí le haghaidh soláthróirí poiblí chun treoir, saineolas agus dea-chleachtas a chomhroinnt lena chéile;

43. á athdhearbhú nach mór don Aontas agus do na Ballstáit tacaíocht airgeadais agus theicniúil a chur ar fáil le haghaidh úsáid níos straitéisí soláthair i gcomhréir le straitéisí agus cuspóirí bia náisiúnta agus áitiúla;

44. á thabhairt chun suntais na tairbhí a bhaineann leis an soláthar bia atá freagrach go sóisialta agus a spreagann feirmeoirí le bheith ag obair i gceantair thuaithe agus lena n-áirítear an geilleagar sóisialta agus comharchumainn shóisialta feadh an tslabhra soláthair ina iomláine;

45. á mholadh go leagfar spriocanna forásacha tírshonracha síos maidir le soláthar bia inbhuanaithe, i gcomhréir leis an straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc';

Lipéadú

46. á thabhairt dá aire, i dtaca le lipéadú comhchuibhithe a thabhairt isteach le haghaidh bia inbhuanaithe, gur cheart é a bheith comhréireach, éigeantach, é de réir an dlí agus é forbartha ar bhonn sonraí eolaíocha láidre agus neamhspleácha, nár cheart dó cur isteach ar chórais atá ann cheana amhail tásca geografacha trí aicmiú treallach bianna a d'fhéadfadh tomhaltóirí a chur amú maidir le rogha bia;

([5]) Tuairim ó CnaR — *Towards a sustainable EU food policy that creates jobs and growth in Europe's Regions and Cities* [I dtreo bheartas inbhuanaithe bia AE lena gcruthófar poist agus fás i réigiúin agus cathracha na hEorpa] (níl leagan Gaeilge ann).

47. á chur i bhfios gur cheart lipéadú inbhuanaithe a bhunú ar an eolaíocht agus gach gné, lena n-áirítear gnéithe comhshaoil, sóisialta agus cothaitheacha, a chur san áireamh ann. Ba cheart é a chur in iúl trí tháscairí aonair ar leithligh chun na comhbhabhtálacha idir gnéithe éagsúla inbhuanaitheachta a íoslaghdú. Tacaíonn CnaR le lipéadú simplí, uile-Aontais ar aghaidh an phacáiste ar tháirgí bia bunaithe ar fhianaise eolaíoch láidir neamhspleách. Le táscaire den sórt sin, ba cheart aird a tharraingt ar na táirgí ardfheidmíochta agus ísealfheidhmíochta araon chun cabhrú le tomhaltóirí rogha eolasach a dhéanamh agus a gcuid bia á cheannach acu. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR, i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá feachtais múscailte feasachta, cláir oideachais maidir le bia inbhuanaithe agus tionscnaimh eile i bpobail áitiúla ón luath-óige ar aghaidh;

48. á chur i bhfáth gur cheart nasc a bheith ann idir an lipéadú agus beartas margaíochta agus cur chun cinn, agus idir an lipéadú agus laghdú pacáistíochta agus laghdú na dramhaíola ón bpacáistíocht;

49. á chur i bhfios go bhfuil sé ríthábhachtach réitigh éifeachtacha ar chóireálacha orgánacha nó bitheolaíocha a chur ar fáil d'fheirmeoirí d'fhonn úsáid lotnaidicídí agus ceimiceán a laghdú chun feabhas a chur ar athléimneacht feirmeacha i gcoinne suaití seachtracha, chun sláinte na ndaoine agus an dúlra a chosaint, agus chun torthúlacht na hithreach a chaomhnú, rud lena neartófar slándáil bia ar deireadh;

50. den tuairim go bhféadfadh éifeachtaí saofa agus diúltacha laistigh den mhargadh aonair a bheith mar thoradh ar scéimeanna deonacha le haghaidh lipéadú bia nach bhfuil comhordaithe ar an leibhéal Eorpach, rud a dhéanfadh dochar go háirithe do tháirgeoirí beaga agus meánmhéide; á chur in iúl san am céanna go n-aithníonn sé nach mó na breithnithe sin ná an riachtanas nach mór ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú agus na beartais agus na gníomhaíochtaí uile á sainiú agus á gcur chun feidhme;

51. á iarraidh go gcuirfear cabhair ar fáil do thomhaltóirí, trí bhíthin bheartais an Aontais, chun roghanna bia eolasacha, sláintiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh, lena n-áirítear trí scéimeanna lipéadaithe Eorpacha atá comhchuibhithe agus comhréireach a ghlacadh bunaithe ar fhianaise eolaíoch láidir neamhspleách;

52. á chur i bhfáth nach mór lipéadú bia a chomhordú agus a chomhchuibhiú ar an leibhéal Eorpach, gan srian cainníochtúil ná cáilíochtúil ar bith a chruthú ar thrádáil laistigh den Eoraip agus gan feidhmiú cuí an mhargaidh aonair a chur i mbaol ach amháin má tá údar leis i ndáil le riachtanais amhail sláinte an duine a chosaint;

Slándáil bia

53. á iarraidh ar an Aontas slándáil bia a áirithiú agus infheistiú i dtáirgeadh talmhaíochta áitiúil inbhuanaithe, agus a shlabhraí soláthair a ghiorrú;

54. á chur i bhfáth gur gá lóistíocht agus iompar bia idir na Ballstáit a choimirciú, lena n-áirítear tráth géarchéime;

55. á iarraidh go ndéanfar spleáchais a laghdú trí fhoinsí na n-allmhairí tábhachtacha a éagsúlú, trí bheartas láidir trádála a bhfuil tionchar aige ar chomhpháirtithe trádála an Aontais chun bogadh i dtreo níos mó inbhuanaitheachta trí na coinníollacha sláintíochta céanna a chur i bhfeidhm ar tháirgeadh na dtáirgí a allmhairíonn siad agus a chuirtear i bhfeidhm ar fheirmeoirí san Aontas;

56. á iarraidh go mbeadh comhleanúnachas agus comhordú láidir ann idir beartais an Aontais maidir le táirgeadh bia inbhuanaithe, ídiú inbhuanaithe agus trádáil inbhuanaithe, d'fhonn cleachtais neamh-inbhuanaithe a dhéanamh inbhuanaithe. I ndáil leis sin, ba cheart don chreat reachtach maidir le córais bhia inbhuanaithe comhleanúnachas a áirithiú idir beartais an Aontais maidir le táirgeadh inbhuanaithe bia, tomhaltas agus trádáil, agus a áirithiú go bhfuil siad i gcomhréir le chéile chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh táirgí agraibhia allmhairithe na rialacha céanna sóisialta agus comhshaoil maidir le táirgeadh agus atá san Aontas Eorpach i gcomhréir le riail na hEagraíochta Domhanda Trádála;

57. á chur i bhfios gur gá beartas taighde agus nuálaíochta maidir le bia inbhuanaithe a neartú. Beidh gá leis sin má tá reachtaíocht le bheith ag an Eoraip lena spreagfar úsáid na dteicnící nuálacha nua.

An Bhruiséil, an 25 Bealtaine 2023.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún

Vasco ALVES CORDEIRO

III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

COISTE NA RÉIGIÚN

AN 155Ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CNAR, 24.5.2023-25.5.2023

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — An Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach

(2023/C 257/06)

Rapóirtéir:	Michele Pais (IT/ECR) Uachtarán agus comhalta de Chomhairle Réigiúnach na Sairdíne
Doiciméad tagartha:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) COM(2022) 720

I. **MOLTAÍ LE hAGHAIDH LEASUITHE**

Leasú 1

Aithris 3

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Ba cheart ***sainordú dlíthiúil a bheith ag an*** struchtúr rialachais nua chun forbairt bhreise an Chreata Idir-inoibritheachta Eorpaigh agus réitigh chomhchoiteanna idir-inoibritheachta eile, amhail sonraíochtaí agus iarratais, a chur chun cinn. Ina theannta sin, leis an Rialachán seo ba cheart lipéad soiléir so-aitheanta a bhunú le haghaidh roinnt réitigh idir-inoibritheachta. Ba cheart cruthú pobail bheoga maidir le réitigh teicneolaíochta rialtais oscailte a chothú.	Ba cheart ***faoin*** struchtúr rialachais nua ***cead cainte a bheith ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir lena thapúlacht agus lena mhéad a chuirfear na réitigh chun feidhme i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Leis sin, thabharfaí sainordú dlíthiúil don struchtúr rialachais*** chun forbairt bhreise an Chreata Idir-inoibritheachta Eorpaigh agus réitigh chomhchoiteanna idir-inoibritheachta eile, amhail sonraíochtaí agus iarratais, a chur chun cinn. ***Maidir leis na himpleachtaí airgeadais do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a eascróidh as cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta, ba cheart a laghad agus is féidir díobh a bheith ann.*** Ina theannta sin, leis an Rialachán seo ba cheart lipéad soiléir so-aitheanta a bhunú le haghaidh roinnt réitigh idir-inoibritheachta. Ba cheart cruthú pobail bheoga maidir le réitigh teicneolaíochta rialtais oscailte a chothú.

Cúis

Tá teorainn lena bhfuil d'acmhainní ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a fhad a bhaineann le maoiniú, acmhainní daonna, uirlisí, etc. Agus prionsabal na coimhdeachta á chomhlíonadh acu, ba cheart do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, dá bhrí sin, smacht áirithe a bheith acu ar an bpróiseas cur chun feidhme. Ba cheart cistí iomchuí a chur ar fáil dóibh freisin i gcás ina gcuirfear costais bhreise orthu de thoradh an phróisis cur chun feidhme.

Leasú 2

Aithris 3

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
	D'fhonn an próiseas a dhéanamh chomh daonlathach agus is féidir agus tabhairt faoi ón mbun aníos, ba cheart cead cainte a bheith ag saoránaigh na mBallstát maidir le tosaíochtaí i réimse na hidir-inoibritheachta. Chuige sin, i gcomhréir le cuspóir an Ghnímh um Eoraip Idir-inoibritheach, féadfaidh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha comhairliúcháin a dhéanamh go díreach leis na saoránaigh uair sa dá bhliain, d'fhonn a fháil amach cad iad na réitigh idir-inoibritheachta is mó tábhacht, dar leis na saoránaigh. Leithdháilfidh an Coimisiún Eorpach tacaíocht airgeadais iomchuí ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ionas gur féidir comhphlé den sórt sin a chur ar bun leis na saoránaigh. Roinnfidh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha torthaí na gcomhairliúchán leis an mBord um Eoraip Idir-inoibritheach agus leis an gComhphobal Eoraip Idir-inoibritheach.

Cúis

Ós iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha is deise do na saoránaigh, is acmhainn dóibh an léargas is cruinne a fháil ar thosaíochtaí agus ionchais na saoránach. Má táthar chun próiseas daonlathach ón mbun aníos a dhéanamh den idir-inoibritheacht, beidh sé ríthábhachtach ról leordhóthanach gníomhach a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha san fhaireachán a dhéanfar ar thosaíochtaí na saoránach.

Leasú 3

Aithris 8

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Chun seirbhísí poiblí idir-inoibritheacha trasteorann a chur ar bun, tá sé tábhachtach díriú ar an ngné idir-inoibritheachta a luaithe is féidir sa phróiseas ceaptha beartas. Dá bhrí sin, ba cheart don eagraíocht phoiblí a bhfuil sé i gceist aici gréasán nua a bhunú nó córas faisnéise atá ann cheana a mhionathrú agus ar dócha go mbeadh tionchar mór aige ar an idir-inoibritheacht trasteorann, measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. Tá gá leis an measúnú sin chun méid agus tionchar na gníomhaíochta atá beartaithe a thuiscint agus chun bearta a mholadh chun tairbhe a bhaint as agus aghaidh a thabhairt ar na costais a d'fhéadfadh a bheith ann. Ba cheart an measúnú idir-inoibritheachta a bheith sainordaitheach i dtrí chás, a bhfuil raon feidhme acu maidir le hidir-inoibritheacht trasteorann. I gcásanna ***eile***, féadfaidh na heagraíochtaí poiblí cinneadh a dhéanamh an measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh ar bhonn deonach.	Chun seirbhísí poiblí idir-inoibritheacha trasteorann a chur ar bun, tá sé tábhachtach díriú ar an ngné idir-inoibritheachta a luaithe is féidir sa phróiseas ceaptha beartas. Dá bhrí sin, ba cheart don eagraíocht phoiblí a bhfuil sé i gceist aici gréasán nua a bhunú nó córas faisnéise atá ann cheana a mhionathrú agus ar dócha go mbeadh tionchar mór aige ar an idir-inoibritheacht trasteorann, measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. Tá gá leis an measúnú sin chun méid agus tionchar na gníomhaíochta atá beartaithe a thuiscint agus chun bearta a mholadh chun tairbhe a bhaint as agus aghaidh a thabhairt ar na costais a d'fhéadfadh a bheith ann. ***Chun cur chun feidhme rianúil an mheasúnaithe idir-inoibritheachta a áirithiú, ba cheart don Bhord um Eoraip Idir-inoibritheach treoirlínte sonracha a fhoilsiú maidir leis na seirbhísí atá cumhdaithe leis an treoir.*** Ba cheart an measúnú idir-inoibritheachta a bheith sainordaitheach i dtrí chás, a bhfuil raon feidhme acu maidir le hidir-inoibritheacht trasteorann. ***I gcásanna ina gcaithfear measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh, ba cheart deiseanna oiliúna a chur ar fáil agus beifear in ann a áirithiú a bhuí le foinsí cistiúcháin, cuir i gcás an Clár don Eoraip Dhigiteach, go dtabharfar do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha freisin na hacmhainní a bheidh de dhíth orthu d'fhonn na costais bhreise a thabhófar a ghlanadh.*** I gcásanna ***nach gcaithfear tabhairt faoi mheasúnú dá leithéid***, féadfaidh na heagraíochtaí poiblí a chinneadh an measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh ar bhonn deonach.

Cúis

Tá teorainn lena bhfuil d'acmhainní ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus ní féidir, dá bhrí sin, glacadh leis go mbeidh ina gcumas costais na measúnuithe éigeantacha a ghlanadh astu féin. Chuige sin, i gcásanna ina gcaithfear measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh cistiú le haghaidh measúnuithe ar fáil.

Leasú 4

Aithris 37

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun rialacha agus na coinníollacha a leagan amach maidir le bunú agus oibriú na mboscaí gainimh rialála.	Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun rialacha agus na coinníollacha a leagan amach maidir le bunú agus oibriú na mboscaí gainimh rialála ***i gcomhar le comhlachtaí ábhartha na hearnála poiblí, ar a n-áirítear na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha***.

Cúis

Ós rud é go ndéanfar na boscaí gainimh rialála a oibriú faoi chúram na gcomhlachtaí earnála poiblí rannpháirteacha, ba chlaonta mar chur chuige ag an gCoimisiún Eorpach é coinníollacha oibríochtúla a bhunú uaidh féin, gan dul i gcomhairle leis na heintitis ábhartha eile.

Leasú 5

Airteagal 3(3)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Cuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla agus na comhordaitheoirí idir-inoibritheachta an tacaíocht is gá ar fáil chun an measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. Féadfaidh an Coimisiún uirlisí teicniúla a chur ar fáil chun tacú leis an measúnú idir-inoibritheachta.	Cuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla agus na comhordaitheoirí idir-inoibritheachta an tacaíocht is gá ar fáil chun an measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. Féadfaidh an Coimisiún uirlisí teicniúla a chur ar fáil chun tacú leis an measúnú idir-inoibritheachta. ***Sula gcinnfear gurb éigean an measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh, cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta agus an Bord um Eoraip Idir-inoibritheach an tacaíocht ar fáil is gá chun gur féidir a mheas roimh ré an dtagann an oibríocht atá beartaithe faoi raon feidhme an Rialacháin seo.***

Cúis

Tá raon feidhme an Rialacháin féin leathan agus d'fhéadfadh sé gur róchasta an ní do chomhlachtaí beaga san earnáil phoiblí nó do na bardais a mheas an bhfuil gné thrasteorann ag roinnt leis an oibríocht atá beartaithe.

Leasú 6

Airteagal 3(5)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
	5. […] — ***Agus measúnú idir-inoibritheachta á dhéanamh, staonfaidh an comhlacht earnála poiblí, nó an institiúid, an comhlacht nó an ghníomhaireacht AE lena mbaineann, ó tharraingt ar shaineolas an tsoláthróra seirbhísí reatha atá acu nó ar shaineolas fhostaithe na seirbhísí sin ionas nach mbeidh coinbhleacht fhéideartha leasa ann. Ní dochar an comhairliúchán sin do chosaint leasanna tráchtála nó poiblí ná do shlándáil na gcóras sin.***

Cúis

Chun 'gaibhniú díoltóirí' a sheachaint, ba cheart do na comhlachtaí earnála poiblí lena mbaineann tarraingt ar shaineolas daoine atá ag feidhmiú go neamhspleách ar sholáthróirí na gcóras agus/nó na líonraí atá ann faoi láthair toisc go bhféadfadh a measúnuithe siúd a bheith claonta i bhfabhar na réiteach atá ann cheana.

Leasú 7

Airteagal 9(2)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Leagfar amach sa tionscadal maidir le tacaíocht chun beartas a chur chun feidhme an méid seo a leanas:	Leagfar amach sa tionscadal maidir le tacaíocht chun beartas a chur chun feidhme an méid seo a leanas:
(a) na réitigh Eoraip Idir-inoibritheach atá ann cheana a mheastar a bheith riachtanach chun na ceanglais bheartais a chur chun feidhme go digiteach;	(a) na réitigh Eoraip Idir-inoibritheach atá ann cheana a mheastar a bheith riachtanach chun na ceanglais bheartais a chur chun feidhme go digiteach;
(b) aon réiteach idir-inoibritheachta atá ar iarraidh agus atá le forbairt, a mheastar a bheith riachtanach chun na ceanglais bheartais a chur chun feidhme go digiteach;	(b) aon réiteach idir-inoibritheachta atá ar iarraidh agus atá le forbairt, a mheastar a bheith riachtanach chun na ceanglais bheartais a chur chun feidhme go digiteach;
(c) bearta tacaíochta eile a mholtar, amhail oiliúint nó piar-mheasúnaithe.	(c) bearta tacaíochta eile a mholtar, amhail oiliúint nó piar-mheasúnaithe;
	(d) deiseanna tacaíochta airgeadais chun cabhrú le réitigh idir-inoibritheachta a chur chun feidhme.

Cúis

Níl aon dul as ach go mbeidh tacaíocht airgeadais de dhíth chun an idir-inoibritheacht a chur chun feidhme. Chuige sin, ba cheart an tacaíocht airgeadais a bheith ina gné shonrach den tacaíocht a chuirfear ar fáil le haghaidh chur chun feidhme na mbeartas freisin.

Leasú 8

Airteagal 11(2)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Déanfar boscaí gainimh rialála a oibriú faoi fhreagracht chomhlachtaí rannpháirteacha na hearnála poiblí agus, i gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta ag comhlachtaí na hearnála poiblí i gceist leis an mbosca gainimh, faoi mhaoirseacht údarás náisiúnta ábhartha eile, […]	Déanfar boscaí gainimh rialála a oibriú faoi fhreagracht chomhlachtaí rannpháirteacha na hearnála poiblí agus, i gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta ag comhlachtaí na hearnála poiblí i gceist leis an mbosca gainimh, faoi mhaoirseacht údarás náisiúnta ***nó fonáisiúnta*** ábhartha eile, […]

Cúis

Is féidir boscaí gainimh rialála a oibriú freisin ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Tá ról lárnach ag na riaracháin áitiúla agus réigiúnacha maidir le réitigh idir-inoibritheachta is deas don saoránach a chur chun feidhme agus réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil ar an leibhéal áitiúil.

Leasú 9

Airteagal 12(1)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Áiritheoidh na comhlachtaí rannpháirteacha san earnáil phoiblí, a mhéid a bhaineann an réiteach idir-inoibritheachta nuálach le próiseáil sonraí pearsanta nó a mhéid a thagann sé seachas sin faoi shainchúram maoirseachta údarás náisiúnta eile a chuireann sonraí ar fáil nó a thacaíonn sé le rochtain ar shonraí, go bhfuil na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí agus na húdaráis náisiúnta eile sin bainteach le hoibriú an bhosca gainimh rialála. […]	Áiritheoidh na comhlachtaí rannpháirteacha san earnáil phoiblí, a mhéid a bhaineann an réiteach idir-inoibritheachta nuálach le próiseáil sonraí pearsanta nó a mhéid a thagann sé seachas sin faoi shainchúram maoirseachta údarás náisiúnta ***nó fonáisiúnta*** eile a chuireann sonraí ar fáil nó a thacaíonn sé le rochtain ar shonraí, go bhfuil na húdaráis náisiúnta ***nó fonáisiúnta*** cosanta sonraí agus na húdaráis náisiúnta ***nó fonáisiúnta*** eile sin bainteach le hoibriú an bhosca gainimh rialála. […]

Cúis

Is féidir boscaí gainimh rialála a oibriú freisin ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Tá ról lárnach ag na riaracháin áitiúla agus réigiúnacha maidir le réitigh idir-inoibritheachta is deas don saoránach a chur chun feidhme agus réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil ar an leibhéal áitiúil.

Leasú 10

Airteagal 13(2)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Eagróidh an Coimisiún cúrsaí oiliúna ar shaincheisteanna idir-inoibritheachta ar leibhéal an Aontais chun comhar agus malartú dea-chleachtas a fheabhsú idir foireann chomhlachtaí na hearnála poiblí, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Fógrófar na cúrsaí ar thairseach Eoraip Idir-inoibritheach.	Eagróidh an Coimisiún cúrsaí oiliúna ar shaincheisteanna idir-inoibritheachta ar leibhéal an Aontais chun comhar agus malartú dea-chleachtas a fheabhsú idir foireann chomhlachtaí na hearnála poiblí, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Fógrófar na cúrsaí ***atá dírithe ar chinnteoirí agus/nó cleachtóirí*** ar thairseach Eoraip Idir-inoibritheach ***agus d'fhéadfadh seisiúin faisnéise ar líne, físeáin teagaisc agus ceardlanna, ábhair oiliúna d'oiliúnóirí agus treoirlínte don fhoghlaim sa láthair oibre a bheith i gceist leo***.

Cúis

Nuair a chuathas i gcomhairle leis, thug líonra RegHub Choiste na Réigiún le fios gur phríomhthosaíocht í an oiliúint i réimse na hidir-inoibritheachta. Chomh maith le díriú ar chleachtóirí agus saineolaithe TFC, is den tábhacht díriú ar bhainisteoirí sinseartha freisin agus meánbhainisteoirí a ullmhú faoi réir athrú cultúir a chaithfear a chur i bhfeidhm, b'fhéidir.

Leasú 11

Airteagal 15(4)(r)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Faisnéis a thabhairt go tráthrialta do na comhordaitheoirí idir-inoibritheachta agus do Chomhphobal Eoraip Idir-inoibritheach ar ábhair a bhaineann le hidir-inoibritheacht trasteorann na gcóras gréasáin agus faisnéise agus na hábhair sin a chomhordú leo.	Faisnéis a thabhairt go tráthrialta do na comhordaitheoirí idir-inoibritheachta agus do Chomhphobal Eoraip Idir-inoibritheach ar ábhair a bhaineann le hidir-inoibritheacht trasteorann na gcóras gréasáin agus faisnéise***, agus ar thionscadail agus líonraí ábhartha arna gcistiú ag an Aontas,*** agus na hábhair sin ***uile*** a chomhordú leo.

Cúis

Ba cheart don Bhord tionscadail ábhartha eile arna gcistiú ag an Aontas, cuir i gcás H2020 AURORAL, nó líonraí cathrach atá dírithe ar an gclaochlú digiteach, ar chuma living-in.eu, a chur i láthair, agus ba cheart sineirgí a lorg ar an leibhéal straitéiseach agus ar an leibhéal oibríochtúil.

Leasú 12

Airteagal 16(4)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
	Pointe (d) tacú le comhlachtaí na hearnála poiblí, institiúidí, gníomhaireachtaí nó comhlachtaí de chuid an Aontais agus measúnuithe idir-inoibritheachta á ndéanamh acu.

Cúis

Tá an moladh sin ag teacht lenar moladh cheana: saineolaithe ó Bhallstáit uile an Aontais a chomhthiomsú chun tacú le measúnuithe idir-inoibritheachta. Murab ionann agus na piarmheasúnuithe de bhun Airteagal 14, ní gá i gcónaí gur ó Bhallstáit nach iontu atá an comhlacht poiblí faoi athbhreithniú piaraí (ar an measúnú idir-inoibritheachta) lonnaithe a thiocfaidh na saineolaithe; is féidir Ballstáit eile a thabhairt san áireamh freisin.

Leasú 13

Airteagal 17(2)(f)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
rannpháirtíocht ghníomhach raon éagsúil eintiteas náisiúnta a chomhordú agus a spreagadh sa Chomhphobal Eoraip Idir-inoibritheach […]	rannpháirtíocht ghníomhach raon éagsúil eintiteas náisiúnta***, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus réigiúnacha,*** a chomhordú agus a spreagadh sa Chomhphobal Eoraip Idir-inoibritheach […]

Cúis

Tá ról lárnach ag na riaracháin áitiúla agus réigiúnacha maidir le réitigh idir-inoibritheachta is deas don saoránach a chur chun feidhme agus réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil ar an leibhéal áitiúil.

Leasú 14

Airteagal 17(3)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil inniúlachtaí ***agus acmhainní*** leordhóthanacha ag an údarás inniúil chun na cúraimí a shanntar dó a chur i gcrích, ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.	Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil inniúlachtaí leordhóthanacha ag an údarás inniúil chun na cúraimí a shanntar dó a chur i gcrích, ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. ***Áiritheoidh an Coimisiún go bhfaighidh údaráis inniúla na mBallstát cistiú iomchuí chun tacú leo cúraimí gaolmhara a dhéanamh.***

Cúis

Ós rud é go sannfar cúraimí breise a bhaineann leis an idir-inoibritheacht do na húdaráis inniúla arna gceapadh, ní mór don Choimisiún a áirithiú nach ar na húdaráis inniúla sin amháin a thitfidh na costais airgeadais a leanfaidh as na cúraimí ábhartha, ina measc an gá a d'fhéadfadh a bheith ann foireann bhreise a fhostú.

Leasú 15

Airteagal 19(2)(d)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
sineirgí le cláir agus tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais agus le cláir agus tionscnaimh ábhartha náisiúnta eile a shainaithint.	sineirgí le cláir agus tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais agus le cláir agus tionscnaimh ábhartha náisiúnta***, réigiúnacha agus áitiúla*** eile a shainaithint.

Cúis

Tá ról lárnach ag na riaracháin áitiúla agus réigiúnacha maidir le réitigh idir-inoibritheachta is deas don saoránach a chur chun feidhme agus réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil ar an leibhéal áitiúil.

Leasú 16

Airteagal 21(1)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, cumhdóidh buiséad ginearálta an Aontais na ***costais*** seo a leanas:	Faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, cumhdóidh buiséad ginearálta an Aontais na ***nithe*** seo a leanas:
(a) ***forbairt agus cothabháil*** t***h***airseach Eoraip Idir-inoibritheach;	(a) ***na costais a bhaineann le*** tairseach Eoraip Idir-inoibritheach ***a fhorbairt agus a chothabháil***;
(b) réitigh Eoraip Idir-inoibritheach a fhorbairt, a chothabháil agus a chur chun cinn;	(b) ***na costais a bhaineann le*** réitigh Eoraip Idir-inoibritheach a fhorbairt, a chothabháil agus a chur chun cinn;
(c) na ***bearta*** tacaíochta don Eoraip Idir-inoibritheach.	(c) ***costais*** na ***mbeart*** tacaíochta don Eoraip Idir-inoibritheach;
	(d) costais na measúnuithe idir-inoibritheachta éigeantacha a thitfidh ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha;
	(e) comhairliúcháin leis na saoránaigh arna ndéanamh ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le tosaíochtaí i réimse na hidir-inoibritheachta.

Cúis

Tá teorainn lena bhfuil d'acmhainní ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus ní féidir glacadh leis go mbeidh ina gcumas costas iomlán na measúnuithe éigeantacha a ghlanadh astu féin. Chuige sin, i gcásanna ina gcaithfear measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh cistiú le haghaidh measúnuithe ar fáil. De réir a bhfuil i Leasú 12, is iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha is deise do na saoránaigh; dá bhrí sin, is iadsan a fhéadfaidh an léargas is cruinne a fháil ar thosaíochtaí agus ionchais na saoránach maidir leis na réitigh idir-inoibritheachta atá le ceapadh. Beidh rannpháirtíocht leordhóthanach ghníomhach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach ríthábhachtach i dtaca le faireachán a dhéanamh ar thosaíochtaí na saoránach, agus beidh gá le cistiú leordhóthanach a chur ar fáil ina chomhair sin.

Leasú 17

Airteagal 21(1)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
	(e) na costais bhreise a thabhóidh na húdaráis inniúla mar thoradh ar a gcuid oibre ar an idir-inoibritheacht.

Cúis

Ós rud é go sannfar cúraimí breise a bhaineann leis an idir-inoibritheacht do na húdaráis inniúla arna gceapadh, ní mór don Choimisiún a áirithiú nach ar na húdaráis inniúla sin amháin a thitfidh na costais a leanfaidh as na cúraimí ábhartha, ina measc an gá a d'fhéadfadh a bheith ann foireann bhreise a fhostú.

II. **MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

1. ag tabhairt an togra reachtaigh dá aire óir féachann sé le córas rialachais idir-inoibritheachta amháin a chur ar bun san Aontas, agus an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir cur chuige ón mbarr anuas, mar atá nós imeachta a shainiú chun moltaí ginearálta a leagan síos maidir le réitigh idir-inoibritheachta ar leibhéal an Aontais, agus cur chuige ón mbonn aníos, mar atá ionchur ó na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a chur san áireamh, ós rud é gurb iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha is deise do na saoránaigh a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais.

2. Tá CnaR á thabhairt dá aire, áfach, gur gá gnéithe áirithe den togra a threisiú agus a thabhairt chun cruinnis, go háirithe maidir le cúraimí nua is gá a chur ar na húdaráis fhonáisiúnta, maidir leis na hacmhainní a chuirtear ar fáil dóibh d'fhonn is go mbeidh siad in ann réitigh idir-inoibritheachta a chur chun feidhme go tapa agus go héifeachtúil, agus maidir le struchtúr rialachais cothrom lena n-urramaítear prionsabal na coimhdeachta agus na samhlacha éagsúla rialachais atá i réim sna Ballstáit agus lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha cead cainte a bheith acu maidir lena thapúlacht agus lena mhéad a chuirtear na réitigh idir-inoibritheachta chun feidhme.

3. Molann CnaR gach córas idir-inoibritheachta náisiúnta (ginearálta nó earnáilsonrach) atá ann cheana a chur san áireamh ar cuireadh tús leis roimh an gcreat rialála sin, ós rud é go bhféadfaidís teacht salach ar na rialacha nua a tugadh isteach. D'fhéadfadh sin mí-ailíniú a chruthú agus ba ghá leas a bhaint as acmhainní ollmhóra, idir acmhainní daonna agus airgeadais, lena gcur chun feidhme.

4. Tá CnaR ag leagan béim ar an ról lárnach atá ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le seirbhísí a sholáthar do na saoránaigh agus ar an gcaoi ar cheart na seirbhísí sin a dhigitiú faoi 2030, i gcomhréir le forálacha Dheacáid Dhigiteach an Aontais agus le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Thar aon ní eile, ní mór cosaint na sonraí pearsanta a áirithiú riamh agus i gcónaí, agus ní mór do gach comhlacht lena mbaineann an chosaint sin a áirithiú.

5. Tá sé á chur i bhfios ag CnaR gur gnách go gcumhdaíonn na seirbhísí sin earnálacha éagsúla, cuir i gcás an tsoghluaisteacht, an fuinneamh, an daonra, an tsláinte, an talmhaíocht, etc. agus tá béim á cur aige ar na hidirnaisc le húsáid sonraí sna hearnálacha sin agus reachtaíocht ábhartha an Aontais, ina measc an Gníomh Eorpach um Shonraí ([1]), an Gníomh um Rialachas Sonraí agus RGCS ([2]).

([1]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — An Ionstraim Eorpach um Shonraí (IO C 375, 30.9.2022, lch. 112) féach Bileog Eolais faoin Tuairim (europa.eu)

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1)

6. Aithníonn CnaR gurb acmhainn don idir-inoibritheacht, ach tacaíocht bhreise airgeadais a sholáthar ina comhair maille le hoiliúint a chur ar bhaill foirne sna húdaráis, feabhas nach beag a chur ar éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Ní mór do na riaracháin áitiúla agus réigiúnacha a áirithiú i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta go bhfuil a gcórais féin idir-inoibritheach le córais na n-údarás áitiúil eile, na n-údarás réigiúnach eile, bíodh sin ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mBallstát eile, agus go bhfuil siad idir-inoibritheach freisin le córais na gcuideachtaí agus na soláthróirí atá ag comhoibriú leo. I gcomhthéacs an togra reachtaigh seo de chuid an Aontais, príomhábhar imní atá ann is ea an idir-inoibritheacht trasteorann.

7. Aithníonn CnaR go bhfuil srianta airgeadais agus acmhainní daonna ar go leor riarachán áitiúil agus réigiúnach ar na saolta corraitheacha eacnamaíocha seo agus nach mór, ina ainneoin sin, tosaíocht a thabhairt don chlaochlú digiteach. Tá sé á thabhairt chun suntais aige go bhféadfadh na hathruithe sin, in éagmais na tacaíochta airgeadais atá de dhíth, milleadh faoi na deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta a bheidh ann amach anseo agus go bhféadfadh sé gur bhaol millteanach é sin don chomhtháthú digiteach ar an iomlán. Tá CnaR ag iarraidh ar na hinstitiúidí Eorpacha tacú leis an aistriú digiteach trí acmhainní airgeadais leordhóthanacha a chur ar fáil ina chomhair, ar a n-áirítear do réigiúin agus oileáin bheaga agus/nó faoi mhíbhuntáiste.

8. Tá sé á chur chun suntais ag CnaR gur léiríodh i suirbhé a rinneadh i measc líonra RegHub de riaracháin áitiúla agus réigiúnacha ([3]) gur féidir na nithe seo a leanas a áireamh ar na príomhdhúshláin a ghabhann le hidir-inoibritheacht a bhaint amach ar an leibhéal áitiúil: ceanglais dhlíthiúla ábhartha a urramú; ceanglais theicniúla a chomhlíonadh chun gur féidir sonraí a chomhtháthú le sonraíochtaí sonraí a bhíonn casta go minic; neamh-idir-inoibritheacht a bheith ann cheana idir na córais éagsúla ar an leibhéal náisiúnta; easpa sonraí a bheith ar fáil ar bhonn buan; foinsí éagsúla agus cineálacha éagsúla tomhaltais a bheith ann. Ina theannta sin, is gá a áirithiú nach mbeidh eagraíochtaí chomh maorlathach agus atá i láthair na huaire agus is gá cultúr na heagraíochta a athrú i gcomhréir le hidir-inoibritheacht na gcóras teicniúil (idir-inoibritheacht na heagraíochta).

9. Tá obair an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an togra seo a dhréachtú á thabhairt dá aire ag CnaR, chomh maith leis an gcur chuige cuimsitheach atá leanta ag an gCoimisiún, rud is léir ar an gcaoi ar chuir sé san áireamh moltaí an Ghrúpa Saineolaithe um Idir-inoibritheacht na Seirbhísí Poiblí ([4]), an tuairim a chuir an tArdán 'Réidh don Todhchaí' amach maidir le 'Straitéis Idir-inoibritheachta na Rialtas' ([5]) agus ionchur a fuarthas ó gheallsealbhóirí áirithe agus ó líon áirithe comhlachtaí ('luathghlacadóirí') a chuir réitigh nuálacha i bhfeidhm ag céim an-luath.

10. Athdhearbhaíonn CnaR gur gá a áirithiú go dtabharfar réitigh chomhleanúnacha isteach trí chomhoiriúnacht chúlghabhálach na gcóras nua leis na córais oidhreachta a áirithiú ([6]).

11. Tá CnaR i bhfách le húsáid a bhaint as na réitigh shaora agus foinse oscailte óir buntáiste is ea iad, gan aon agó, do na húdaráis áitiúla agus do shaoránaigh na hEorpa ráite gur modh ríthábhachtach iad chun comhroinnt agus athúsáid na réiteach idir-inoibritheachta mar atá beartaithe a bhaint amach agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar an idir-inoibritheacht trasteorann, rud dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

12. Tá sé á thabhairt dá aire ag CnaR go gcuirfear costais nach beag airgeadais agus foirne ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha as réitigh choiteanna idir-inoibritheachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá sé á chur i bhfáth aige gur gá, dá réir sin, réitigh nua idir-inoibritheacha a cheapadh agus infheistíocht a dhéanamh iontu nó cromadh ar na córais atá ann cheana a chlaochlú. Chuige sin, ba cheart na foinsí cistiúcháin, cuir i gcás an Clár don Eoraip Dhigiteach, a bheith ina gcuidiú do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha na costais ghaolmhara a ghlanadh.

13. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR gur modh ríthábhachtach riachtanach é bogearraí saora agus foinse oscailte a úsáid chun gaibhniú díoltóirí a sheachaint, agus chun a áirithiú nach bhfágfaidh comhroinnt agus athúsáid fhéideartha na réiteach idir-inoibritheachta neamhoscailte buntáistí iomaíocha éagóracha ag na sealbhóirí cirt (féach Airteagal 4(2)).

14. Tá CnaR ag iarraidh ar an mBord um Eoraip Idir-inoibritheach faisnéis shonrach a chur ar fáil faoi cathain a dhéanfar an measúnú éigeantach idir-inoibritheachta agus cé na tosca a d'fhéadfadh an measúnú sin a thionscnamh, mar shampla i gcás soláthar poiblí. Tá sé á chur i bhfáth aige freisin nár cheart é a bheith éigeantach an measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh go dtí go nglacfaidh an Bord um Eoraip Idir-inoibritheach na treoirlínte ábhartha.

15. Tá sé á mholadh ag CnaR creataí agus treoir a fhorbairt maidir le réitigh idir-inoibritheachta foinse oscailte atá faoi chóipcheart a cheadúnú agus a úsáid go hiomchuí d'fhonn tacú leis na húdaráis phoiblí réitigh den sórt sin a cheannach agus a sholáthar.

([3]) Líonra na Mol Réigiúnach (europa.eu).
([4]) Moltaí ó shaineolaithe oifigiúla maidir le Beartas Idir-inoibritheachta nua | Joinup (europa.eu).
([5]) Tuairim chríochnaitheach 2022/SBGR/10 – *Straitéis idir-inoibritheach na Rialtas* (europa.eu).
([6]) Tá sé sin i gcomhréir freisin le moladh a cuireadh chun cinn sa tuairim ón Ardán 'Réidh don Todhchaí', inar moladh feabhas a chur ar shraitheanna idir-inoibritheachta eagrúcháin agus séimeantacha chun gné ama na sonraí a léiriú (baineann sin le comhoiriúnacht seanleaganacha agus leaganacha nua de réitigh TF).

16. Tá sé á thabhairt dá aire ag CnaR go bhfuil rialachas na hidir-inoibritheachta ilroinnte, go háirithe i dtíortha díláraithe, mar thoradh ar chineál deonach an Chreata Eorpaigh Idir-inoibritheachta. Tá sé á chur i bhfáth aige go bhfuil ról lárnach ag na húdaráis inniúla náisiúnta agus ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ar 'luathghlacadóirí' iad maidir le múscailt feasachta agus cothú an chlaochlaithe dhigitigh ina bpiarchathracha agus ina bpiar-réigiúin.

17. Athdhearbhaíonn CnaR gur gá na bearnaí sa réimse digiteach agus idir na críocha a dhúnadh. An sprioc a leagadh síos mar chuid den Chompás Digiteach ([7]), mar atá 100 % de na príomhsheirbhísí poiblí a chur ar fáil ar líne faoi 2030, is cuidiú í chun an aidhm sin a bhaint amach. Tá sé á chur i bhfáth aige gur mór an tábhacht do réigiúin agus bardais uile an Aontais, beag beann ar a suíomh geografach, ina measc na réigiúin fhorimeallacha, na hoileáin iargúlta agus na limistéir shléibhtiúla, idir-inoibritheacht na seirbhísí poiblí a chur ar fáil go digiteach agus/nó ar líne. Leis an teicneolaíocht, is féidir a áirithiú nach bhfágfar na réigiúin agus na bardais sin faoi mhíbhuntáiste más ar an imeall atá. Tá sé á thabhairt chun suntais ag CnaR gur gá comhar nithiúil éifeachtach a dhéanamh leis na réigiúin oileánacha agus fhorimeallacha i dtaca le rialachas an aistrithe i dtreo na hidir-inoibritheachta.

18. Is díol sásaimh do CnaR gníomhaíochtaí na gcathracha agus na réigiún réamhghníomhach sin atá ag lorg réiteach agus ag comhroinnt dea-chleachtas, sin agus ag obair mar luathghlacadóirí agus ag tástáil cleachtas nua. Molann CnaR obair na gluaiseachta 'Living-in.eu' ([8]), gluaiseacht a thugann le chéile cathracha agus pobail chun an claochlú digiteach a chothú, nó obair na gluaiseachta 'Na Cathracha Cliste Oscailte Sofhreagrúla' a bhfuil sásraí i gcomhair idir-inoibritheacht íosta á bhforbairt aici mar uirlisí uilíocha chun idir-inoibritheacht na sonraí, na gcóras agus na seirbhísí a bhaint amach idir cathracha agus soláthróirí ar fud an domhain. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR gur gá córas rialachais uile-Aontais a bhunú má táthar chun timpeallacht idir-inoibritheachta atá níos aonchineálaí a chruthú agus réitigh idir-inoibritheachta a úsáidtear go forleathan a aimsiú.

19. Tá sé á thabhairt dá aire ag CnaR go bhfágfar ualach trom ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha má dhéantar córais nua a sholáthar agus a thairiscint nó má dhéantar na córais atá ann cheana a uasghrádú, go háirithe mar gheall ar easpa saineolais, easpa airgeadais agus easpa pearsanra.

20. Athdhearbhaíonn CnaR a ríthábhachtaí atá an idir-inoibritheacht don athléimneacht dhigiteach agus do neamhspleáchas straitéiseach an Aontais. Cuir i gcás, má bhíonn seirbhísí agus córais idirnasctha i réim, is gá féachaint chuige nach dtarlóidh paindéim dhigiteach de thoradh cibirionsaí mór ar an gcuid is laige den líonra, rud is baol má bhaintear úsáid as na réitigh chéanna nó as réitigh chomhchosúla ar fud na n-eintiteas idirnasctha. San am céanna, má bhaintear úsáid as réitigh foinse oscailte, is lú spleáchas an Aontais ar mhórsholáthróirí réiteach bogearraí, rud a chuirfidh lena neamhspleáchas straitéiseach.

21. Aithníonn CnaR na hábhair imní atá ag na cathracha, ag na bardais bheaga agus ag na réigiúin maidir leis na cúraimí nua a thabharfar dóibh leis an rialachán atá beartaithe agus tá sé á chur i bhfáth aige go bhfuil géarghá lena leasanna sonracha siúd a chur san áireamh. Caithfidh ionadaithe CnaR a bheith ina ndlúthchuid de shraith straitéiseach an rialachais idir-inoibritheachta agus tá sé beartaithe ag an gCoiste, trína rannpháirtíocht sa Bhord um Eoraip Idir-inoibritheach, a áirithiú go gcuirfear ábhair imní áitiúla agus réigiúnacha san áireamh.

22. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR gur tábhachtach an ní do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha treoirlínte sonracha a fháil ón mBord um Eoraip Idir-inoibritheach agus ó na húdaráis náisiúnta inniúla maidir leis na seirbhísí atá cumhdaithe leis an measúnú idir-inoibritheachta. Tá sé á chur i bhfáth aige freisin gur cheart réamhscagadh ar an infheidhmeacht trasteorann a leagan síos sula dtabharfar faoi aon mheasúnú idir-inoibritheachta agus ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta a bheith i gceannas ar an réamhscagadh sin.

23. Is díol sásaimh do CnaR an bhéim a chuirtear sa togra ar réitigh foinse oscailte agus ar rannpháirtíocht forbróirí foinse oscailte sa Chomhphobal Eoraip Idir-inoibritheach. Más cuid lárnach de na réitigh seirbhíse ar leibhéal an riaracháin áitiúil/réigiúnaigh na réitigh foinse oscailte, beifear in ann cur leis an trédhearcacht, na costais a laghdú, an chibearshlándáil a chothú, agus a chinntiú nach dtiocfaidh cásanna gaibhnithe díoltóirí chun cinn, cásanna ina ráineodh sé nach mbeadh sonraí áirithe a bailíodh cheana ar fáil agus soláthróirí seirbhísí á n-athrú.

24. Molann CnaR go bhfeidhmeodh an tairseach Eoraip Idir-inoibritheach, nó tairseach a bhfuil gnéithe comhchosúla ag roinnt léi, mar stór de na seirbhísí poiblí go léir a chuirtear ar fáil ar líne i mBallstáit an Aontais, agus iad cnuasaithe de réir cineál seirbhíse agus de réir Ballstáit. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh an tairseach feidhmiú mar phointe tosaigh do shaoránaigh atá ag lorg eolais faoi conas rochtain a fháil ar na seirbhísí poiblí sin ar líne. Bealach éifeachtach a bheadh ann chun faisnéis a chomhthiomsú faoi na príomhsheirbhísí poiblí atá le soláthar ar líne faoi 2030.

25. Ar an ásc deiridh, ba mhaith le CnaR a mheabhrú go gcomhlíonann an togra prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

An Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2023.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún
Vasco ALVES CORDEIRO

([7]) https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/europes-digital-decade.
([8]) https://living-in.eu/.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA